



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstiúideach:
2023/0423(NLE)

15751/23
ADD 1

ECOFIN 1239
FIN 1201
UEM 394

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 742 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12524 21 INIT agus ST 12524 21 ADD 1) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 742 final.

Faoi iamh: COM(2023) 742 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2023
COM(2023) 742 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12524 21 INIT agus ST 12524 21 ADD 1) an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne

{SWD(2023) 379 final}

IARSCRÍBHINN

ROINN 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN BPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

1. Tuairisc ar Athchóiriúcháin agus ar Infheistíochtaí

COLÚN 1: Tacaíonn an t-aistriú glas le hathstruchtúrá eacnamaíoch agus le sochaí leasa atá neodrach ó thaobh carbóin de

A. COMHPHÁIRT PIC1: CLAOCHLÚ AN CHÓRAIS FUINNIMH

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad sochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht carbóin á baint amach aici faoi 2035. Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach trí úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a chur chun cinn.

Áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne infheistíochtaí lena gcumhdaítear an bonneagar is gá chun fuinneamh in-athnuaite a dháileadh, chomh maith le fuinneamh glan a tháirgeadh. Beidh athchóirithe ar earnáil an fhuinnimh ag gabháil leis na hinfeistíochtaí sin lena ndíreofar ar dheireadh a chur de réir a chéile le húsáid guail chun fuinneamh a ghiniúint chomh maith le hathchóiriú ar chánachas fuinnimh chun úsáid fuinnimh ghlain a chur chun cinn. Áirítear infheistíocht ar leith chun tacú le fuinneamh in-athnuaite i réigiún féinrialaitheach Åland.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), chomh maith le hinfeistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (PIC1R1): Laghdú suntasach ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026

Ghlac Parlaimint na Fionlainne an Gníomh maidir le Toirmeasc ar Úsáid Fuinnimh Gual (406/2019) in 2019. Leis an Acht seo, cuirtear cosc ar ghual a úsáid ó 2029 ar aghaidh. Déanfaidh an Fhionlainn iarrachtaí chun díothú úsáid guail a chur chun cinn laistigh de thréimhse ama níos giorra agus beidh sé mar aidhm aici úsáid guail i nginiúint fuinnimh a laghdú idir 40 % agus 80 % faoi 2026 i gcomparáid le 2019. Ar na gníomhaíochtaí a rinne an Fhionlainn chun tacú le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid guail in earnáil an fhuinnimh, áirítear comhtháthú réiteach nua táirgthe leictreachais agus teasa sa chóras fuinnimh, tarchur fuinnimh, agus infhaighteacht teicneolaíochtaí a thiocfaidh in ionad guail.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C1R2): Cánachas fuinnimh a athchóiriú chun forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh

Is é is cuspóir don athchóiriú an cánachas atá ann cheana ar fhoinsí éagsúla fuinnimh a athrú. Rannchuideoidh an leasú ar an reachtaíocht maidir le cánachas fuinnimh (an tAcht maidir le Dleacht Máil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe) le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise trí leictriú tionscail a chur chun cinn agus trí infheistíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh. Leis an athchóiriú, laghdófar freisin an cháin leictreachais do thionscal, mianaigh, talmhaíocht agus lárionaid sonraí de níos mó ná 5 MW go 0,05 cent/kWh, i.e. íosmhéid AE, ó 0,69 cent/kWh. Leis an athchóiriú, cuirfear deireadh de réir a chéile freisin le haisíocaíocht cánach fuinnimh do thionscail dianfhuinnimh faoi 2025 agus méadófar an cánachas ar bhreoslaí téimh iontaise, lena n-áirítear móin, ón 1 Eanáir 2021 le EUR 2,7 in aghaidh MWh.

Tá staidéar ar an gcánachas fuinnimh ar tháirgeadh teasa neamhdhócháin fós ar siúl. Táthar ag súil go gcuirfidh an staidéar bonn ar fáil le haghaidh cinntí maidir le bearta breise chun cáin a ghearradh ar earnáil an fhuinnimh. Meastar go dtíolacfaidh an Fhionlainn leasuithe reachtacha chun a áirithiú go mbeidh na hathruithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.

Bhí cur chun feidhme an athchóirithe le tabhairt chun críche faoin 30 Meitheamh 2021.

Infheistíocht 1 (P1C1I1): Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh

Is é cuspóir na hinfeistíochta feabhas a chur ar na creatchoinníollacha chun infheistíocht i bhfuinneamh glan a mhealladh, agus béim á leagan ar chomhtháthú an chórais fuinnimh, ar stóráil fuinnimh agus ar iompar. Tacóidh an infheistíocht le tionscadail a chuireann tógáil bonneagair fuinnimh chun cinn agus béim á leagan ar an méid seo a leanas:

- i) eangacha leictreachais agus acmhainneacht tarchurtha leictreachais;
- ii) infheistíochtaí chun córais fuinnimh a chomhtháthú agus barrachas agus dramhtheas a tháirgeadh, a tharchur agus a úsáid i líonraí téimh ceantair;
- iii) gáis ísealcharbóin a iompar, lena n-áirítear hidrigin, bithghás agus bithmheatán.

Déanfar an roghnú de réir critéir éagsúla amhail a rannchuidiú le dícharbónú na hearnála fuinnimh agus a n-índéantacht i gcomhréir leis an amchlár atá leagtha síos.

Deonófar an tacaíocht faoi Fhoraithe Rialtais nua a ghlacfar faoin 31 Nollaig 2021. Beidh sé i bhfoirm glaonna iomaíochta faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíochta agus Fostaíochta agus Gnó na Fionlainne, a eagrófar i gcéimeanna éagsúla d'fhonn infheistíochtaí móra a thús-ualú.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²; (III) gníomhaíochtaí a

¹ Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

² I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh

bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola³ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla⁴; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiríteofar le critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide atá nasctha le réimse idirghabhála 033 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hlarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁵.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P1C1I2): Infheistíochtaí i dteicneolaíocht nua fuinnimh

Is é cuspóir na hinfheistíochta rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 trí thabhairt isteach teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh a spreagadh. Tabharfar tús áite sa tacaíocht d'earnálacha ina bhfuil laghduithe astaíochtaí deacair agus costasach ('earnálacha atá deacair a dhícharbónú'). Leis an infheistíocht, cuirfear tacaíocht ar fáil do thionscadail ar mhórscála sa chéim taisealbhaidh le tosaíocht maidir le hindéantacht theicniúil, agus béim ar leith á leagan ar an méid seo a leanas:

- i) táirgeadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta;
- ii) breoslaí in-athnuaite san iompar (breoslaí leictreacha agus bithbhreoslaí);
- iii) táirgeadh teasa neamhdhócháin amhail geofhuinneamh le cur in ionad úsáid an ghuaile; agus
- iv) tionscadail fuinnimh in-athnuaite eile amhail tionscadail mhóra iompair bithgháis a úsáideann ionchuir íseal-úsáidte, tionscadail ghrianfhuinnimh ar mhórscála agus tionscadail a chuireann stóráil fuinnimh chun cinn.

Déanfar an roghnú de réir critéir éagsúla lena n-áirítear a rannchuidiú leis an méadú ar sciar an fhuinnimh inathnuaite agus an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith acu le forbairt fhadtéarmach agus tráchtálú na dteicneolaíochtaí ábhartha. Deonófar tacaíocht faoi Fhoraithe Rialtais nua a ghlacfar faoin 31 Nollaig 2021. Beidh sé i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus Gnó na Fionlainne, a eagrófar i gcéimeanna éagsúla d'fhonn infheistíochtaí móra a thús-ualú. Faoin mbeart sin, féadfar foireann shealadach a fhostú chun dlús a chur leis an gceadú agus leis an bpróiseáil chomhshaoil ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023.

gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

³ Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

⁴ Níl feidhm ag an eisiáim sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

⁵ IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17–75.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadaí: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach⁶; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁷; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola⁸ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla⁹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiritheofar le critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha le réimsí idirghabhála 032, 034bis0, 028 agus 029 agus 030bis a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Seolfar na glaonna ar thairiscintí a luaithe a bheidh an creat reachtach chun an tacaíocht a dheonú i bhfeidhm. Táthar ag súil go n-eagrófar an chéad ghlaon ar iarratais le linn 2021.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P1C1I3): An pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Åland

Is é is cuspóir don infheistíocht táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn i réigiún féinrialaitheach Åland. Is éard atá san infheistíocht tacaíocht do chéim ullmhúcháin tionscadaí cumhachta gaoithe amach ón gcósta agus do tháirgeadh grianfhuinnimh.

Measann rialtas Åland go dtógfaidh sé idir deich mbliana agus cúig bliana déag chun an tionscadal cumhachta gaoithe amach ón gcósta ina iomláine a chur i gcrích. Táthar ag súil go n-aistreofar an fuinneamh a tháirgtear chuig mórthír na Fionlainne agus/nó na Sualainne den chuid is mó, agus, dá bhrí sin, chuig gréasáin dáileacháin náisiúnta. Tacóidh an infheistíocht le céim na pleanála agus an ullmhúcháin, a mheastar a mhairfidh go dtí 2024.

⁶ Seachas tionscadaí faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

⁷ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

⁸ Níl feidhm ag an eisiáin sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

⁹ Níl feidhm ag an eisiáin sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Ina straitéis fuinnimh agus aeráide, tá sprioc leagtha síos ag Áland chun acmhainneacht grianchumhachta 17 MW a thógáil faoi 2030. Leis an infheistíocht, deonófar tacaíocht do thionscadail táirgthe grianfhuinnimh arna gcur chun cinn ag cuideachtaí, bardais nó pobail. Cuirfear na tionscadail chun feidhme idir 2021 agus 2025.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹⁰; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹¹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola¹² agus gléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla¹³; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bhaint amach le réimsí idirghabhála 028 agus 029 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

-
- 10 Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonnagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).
 - 11 I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.
 - 12 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.
 - 13 Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
1	P1C1R1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Laghdú suntasach ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026	Sprioc	Laghdú 40 % ar úsáid guail le haghaidh fuinnimh faoi 2026 i gcomparáid le 2019		Céatadán	0	40	R2	2026	Ba é 60 Petajoules úsáid an ghuaile le haghaidh fuinnimh in 2019. Laghdófar an tomhaltas go 36 Petajoules ar a mhéad faoi 2026.
2	P1C1R2 — Claochlú an chórais fuinnimh — Cánachas fuinnimh a athchóiriú chun forbairtí teicneolaíoch a chur san áireamh	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta um Dhleacht Mháil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achta				R2	2021	An leasú ar an Acht um Dhleacht Máil ar Leictreachas agus ar Bhreoslaí Áirithe: — an cháin leictreachais thionsclaíoch a íslíú chun leictriú tionscail agus táirgeadh teasa a chur chun cinn, — laghdaíonn sé an cháin leictreachais do mhianaigh, do thalmhaíocht agus d'ionaid sonraí de bhreis agus 5 MW deireadh a chur de réir a chéile leis an aisiocáíocht cánach fuinnimh le haghaidh breoslaí tionsclaíoch a atá dian ar fhuinneamh — ardaíonn sé an cháin ar bhreoslaí téimh iontaise faoi EUR 2,7/MWh.
3	P1C1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar thionscadail bonneagair fuinnimh	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíoch				C4	2021	Tiocfaidh na treoirlínte cistiúcháin (<i>an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh</i>) i bhfeidhm, lena bhféadfar an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí le haghaidh infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh a sheoladh, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta.
4	P1C1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Garsprioc	Dámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Fógra a thabhairt faoi dhámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí bonneagair				C4	2023	Déanfar gach tionscadal bonneagair fuinnimh a roghnú i gcomhréir le critéir na nglao ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 3, dámhfar gach cinneadh dámhachtana cistiúcháin ar na tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí a roghnófar faoi na nglao iomaíoch ar thograí lena bhféadfar tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
5	P1C1I1 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh	Sprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích		Uimhir	0	4	R2	2026	Cuirfear ceithre tionscadal ar a laghad i gcrích, arna bhfianú le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach de EUR 139500000 ar a laghad den EUR 155000000 a leithdháileadh ar

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
										an mbeart.
6	P1C112 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí fuinnimh nua	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha				C4	2021	Tháinig na treoirlínte cistiúcháin (<i>an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh</i>) i bhfeidhm, lenar féidir an chéad ghlaio ar thograí le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh a fhoilsiú, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus náisiúnta a chomhlíonadh.
7	P1C112 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Garsprioc	Dámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí sa teicneolaíocht fuinnimh	Fógra a thabhairt faoi dhámhachtain na ndeontas uile le haghaidh infheistíochtaí sa teicneolaíocht fuinnimh				C4	2023	Roghnófar na tionscadail uile a bhaineann le teicneolaíochtaí fuinnimh nua i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna glaonna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 6. Dámhfar gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin ar na tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí a roghnófar faoi na glaonna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
8	P1C112 — Claochlú an chórais fuinnimh — Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh	Sprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích		Uimhir	0	4	R2	2026	Cuirfeadh ceithre thionscadal ar a laghad i gcrích, arna bhfianú le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach de EUR 144900000 ar a laghad den EUR 161000000 a leithdháileadh ar an mbeart.
9	P1C113 — Athrú an chórais fuinnimh — Pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Åland	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite in Åland	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin Rialtas Åland				R2	2022	Foilsíodh an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí maidir le hinfeistíocht san fhuinneamh in-athnuaite in Åland, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
10	P1C113 — Athrú an chórais fuinnimh — Pacáiste infheistíochta agus athchóirithe in Åland	Garsprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích	Tuarascálacha ar thionscadail atá curtha i gcrích				R2	2026	Cuirfeadh gach tionscadal dá dtugtar tacaíocht i gcrích i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a leagtar amach sna glaonna ar thograí a luaitear i ngarsprioc 9, arna bhfianú le tuarascálacha tionscadail arna gcur isteach ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanais buiséadach de EUR 2430000 ar a laghad den EUR 2700000 a leithdháileadh ar an mbeart.

B. COMHPHÁIRT PIC2: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA CHUN TACÚ LEIS AN AISTRIÚ GLAS AGUS LEIS AN AISTRIÚ DIGITEACH

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad sochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht carbóin á baint amach aici faoi 2035. Áirítear ar na dúshláin mhóra a bhaineann leis an sprioc sin a bhaint amach astaíochtaí ón tionscal a laghdú agus an ráta athchúrsála a mhéadú. Is minic nach mbíonn teicneolaíocht nua íseal-astaíochtaí iomaíoch go fóill agus ní mór dlús a chur lena forbairt. Ní mór don Fhionlainn borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach chun úsáid inbhuanaithe acmhainní a mhéadú agus truailliú a laghdú.

Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach trí thacú le hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí chun astaíochtaí carbóin ón tionsclaíocht a laghdú, poist ghlasa a chruthú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana agus borradh a chur faoin athchúrsáil agus faoin athúsáid.

Áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí lena ndírítear ar theicneolaíochtaí ísealcharbóin a chur chun cinn amhail hidrigin a ghiniúint, gabháil agus úsáid carbóin, leictreachas a chur in ionad breoslaí iontaise i bpróisis thionsclaíocha, agus athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus seachtháirgí tionsclaíocha a chur chun cinn. Beidh athchóirithe ar an reachtaíocht aeráide agus dramhaíola ag gabháil leis na hinfheistíochtaí sin, lena n-áirítear na leasuithe is gá ar an nGníomh Aeráide agus ar an Acht Dramhaíola chun bunús dlí a sholáthar do sprioc aeráidneodrachta 2035 agus do chuspóirí athchúrsála.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), chomh maith le hinfheistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (PIC2R1): Athchóiriú ar an nGníomh Aeráide agus ar an tionsclaíocht ísealcharbóin

Tá gealltanais tugtha ag an bhFionlainn an Gníomh Aeráide a nuashonrú chun a áirithiú go mbainfear amach a cuspóir neodrachta carbóin faoi 2035. Áireofar san athchóiriú na spriocanna comhfhreagracha maidir le hastaíochtaí a laghdú do 2030, 2040 agus 2050. Leis an nGníomh Aeráide athchóirithe, cumasófar úsáid pleananna aeráide chun na hoibleagáidí maolaithe agus oiriúnaithe a leagtar amach san Acht a bhaint amach. Cuirfidh rialtas na Fionlainne a thogra le haghaidh Gníomh Aeráide athbhreithnithe faoi bhráid na Parlaiminte faoin 31 Eanáir 2022, agus meastar go dtiocfaidh sé i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2022. Ghlac an Fhionlainn trí threochlár ísealcharbóin a bhaineann go sonrach leis an tionscal i bhfómhar 2020. Sainaithnítear sna léarscáileanna bóithre leictriú próiseas tionsclaíoch, díchúpláil ó bhreoslaí iontaise agus bearta laghdaithe astaíochtaí bunaithe ar réitigh astaíochtaí ísle. Táthar ag súil go leanfaidh an Fhionlainn de bheith ag obair leis an tionscal chun nuashonrú a dhéanamh ar na treochláir atá fágtha ina leagtar amach deiseanna earnáilsonracha chun astaíochtaí tionsclaíocha a laghdú. Áireofar leis sin ar a laghad na ceithre phríomhthionscal dianfhuinnimh, eadhon tionscail an fhuinnimh, na gceimiceán, na foraoiseachta agus na teicneolaíochta.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 2 (P1C2R2): An geilleagar ciorclach a chur chun cinn go straitéiseach agus an tAcht Dramhaíola a athchóiriú

Tá dhá ghné athchóirithe sa bheart seo. Ar an gcéad dul síos, déanfaidh an Fhionlainn an tAcht um Dhramhaíl athchóirithe (646/2011) a chur chun feidhme, ar gníomh é atá lárnach i dtaca le rialáil thimpeallacht an gheilleagair chiorclaigh agus an phlean náisiúnta dramhaíola. Áireofar san athchóiriú oibleagáidí bailithe deighilte do phacáistíocht agus do bhithdhramhaíl ó theaghlaigh agus ó ghnóilachtaí, freagracht táirgeoirí pacáistíochta as na costais a bhaineann le bainistiú dramhaíola ó phacáistíocht, cur chun feidhme na Treorach maidir le Plaistigh Aon Úsáide agus an oibleagáid dramhaíl teicstíle a bhailiú ar leithligh ag pointí glactha réigiúnacha. Méadófar ráta athchúrsála na dramhaíola cathrach ó 41 % atá ann faoi láthair go 55 % in 2025 agus 60 % in 2030. Méadófar ráta athchúrsála na pacáistíochta plaistí faoi 31 %.

Ar an dara dul síos, cuirfidh an Fhionlainn an geilleagar ciorclach chun cinn trí bhíthin clár straitéiseach do 2035, ina leagfar síos spriocanna nithiúla maidir le tomhaltas acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, táirgiúlacht acmhainní agus ráta úsáide ábhair chiorclaigh. Is éard a bheidh ann creatchlár náisiúnta, arna chomhlánú le cur chun cinn comhaontuithe deonacha earnála idir an stát agus bardais, gnóilachtaí agus geallsealbhóirí eile. Is é an sprioc atá ann go mbeidh ar a laghad 2 phríomhchomhlachas tionscail mar aon le 20 bardas agus cathair ar a laghad páirteach sa chomhaontú agus gealltanais a thabhairt bearta a chur chun feidhme lena gcuirtear cuspóirí an Chláir straitéisigh don Gheilleagar Ciorclach chun cinn: úsáid acmhainní nádúrtha a laghdú, úsáid ábhar athchúrsáilte a mhéadú agus sochaí ísealcharbóin den gheilleagar ciorclach a chur chun cinn. Áireofar ann freisin foilsíú “cásanna tacaíochta” a chuideoidh le sainaitheint na mbeart is ábhartha de chuid na ngeallsealbhóirí atá le déanamh faoi chomhaontuithe den sórt sin, i gcomhar leis na hinstiúidí taighde ábhartha.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 1 (P1C2I1): Hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin

Is é is aidhm don infheistíocht sin forbairt na hidrigine glaine a chur chun cinn ar scála tráchtála. Cuireann an infheistíocht le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035. Tá an Fhionlainn páirteach sa Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) ‘An Chomhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan’, tionscadal atá á thógáil faoi láthair agus nár cuireadh in iúl don Choimisiún go fóill. Cuireann sé sin ar chumas cuideachtaí Fionlannacha tairbhe a bhaint as comhar trasteorann eacnamaíoch, taighde agus tionsclaíoch. Leithdháilfear an cistiú chun tacú le hinfeistíochtaí feadh an tslabhra luacha hidrigine chomh maith le gabháil, stóráil agus téarnamh carbóin. Meastar go rannchuideoidh an Fhionlainn trí (i) hidrigin ‘glas’ ísealcharbóin a tháirgeadh, in ionad úsáid breoslaí iontaise i dtionscail thromha, (ii) CO₂ agus (iii) taighde a bhaineann le hidrigin a ghabháil, a stóráil agus a úsáid. Sa bhreis ar IPCEI féideartha, féadfar tacú le tionscadail a bhaineann le líonraí comhair Eorpacha, amhail Eureka. Ní dhéanfar aon chistiú a leithdháileadh ar tháirgeadh hidrigine ó ghás nádúrtha. Faoin mbeart seo, féadfar foireann shealadach a fhosú chun dlús a chur leis an gceadú agus leis an bpróiseáil chomhshaoil ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Ina theannta sin, deonófar tacaíocht d’infheistíochtaí hidrigine ‘glas’ ísealcharbóin intíre faoi Fhoraithe Rialtais nua a ghlacfar in 2021 (an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh). Beidh sé i bhfoirm glaonna iomaíocha faoi fhreagracht Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus Gnó na Fionlainne, a eagrófar i gcéim amháin nó i roinnt céimeanna.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a

bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹⁴; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹⁵; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola¹⁶ agus gléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla¹⁷; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áirítear le critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha le réimse idirghabhála 032 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Oslófar an chéad ghlaó ar thograí in 2021 agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin Business Finland.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P1C2I2): Leictriú díreach agus dícharbónú próiseas tionsclaíoch

Cuirfidh an beart leictriú díreach agus próisis thionsclaíoch a ísealcharbóin chun cinn chun astaíochtaí CO₂ san earnáil thionsclaíoch a laghdú. Déanfar an méid seo a leanas leis an mbeart:

- i) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí ídiú teasa agus próisis a leictriú; agus
- ii) réitigh hibrídeacha a thabhairt isteach agus teicneolaíocht teaschaidéil agus farasbarr teasa a úsáid.

Is é is aidhm don bheart tacú leis an tionscal a ullmhú chun deireadh a chur le húsáid fuinnimh guail in 2029 agus le haghaidh leath ar a laghad d'úsáid fuinnimh móna faoi 2030 trí spreagadh a thabhairt leictreachas a chur in ionad úsáid breoslaí iontaise i bhfeidhmeanna tionsclaíoch.

Deonófar tacaíocht faoi Fhoraithe Rialtais nua a ghlacfar faoin 31 Nollaig 2021.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí

¹⁴ Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

¹⁵ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹⁶ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

¹⁷ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach¹⁸; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha¹⁹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁰ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla²¹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áirítear leis na critéir roghnúcháin freisin go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bhaint amach le réimse idirghabhála 024ter a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuige sin, bainfidh tionscadail roghnaithe laghdú 30 % ar a laghad amach, ar an meán, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha i gcomparáid leis na hastaíochtaí ex ante. Osclófar an chéad ghlaó ar thionscadail a luaithe a bheidh an reachtaíocht i bhfeidhm.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P1C2I3): Príomhábhair agus taobhshruthanna tionsclaíocha a athúsáid agus a athchúrsáil

Is é is aidhm don bheart geilleagar ciorclach a chur chun cinn lena n-athúsáidtear agus lena n-athchúrsáiltear taobh tionsclaíoch agus sruthanna dramhaíola agus príomhábhair eile amhail ábhair cheallraí, plaistigh, teicstílí, pacáistíocht, trealamh leictreach agus leictreonach, ábhair thógála agus scartála.

Cuirfear tacaíocht ar fáil don mhéid seo a leanas:

- i) na chéad phlandaí tráchtála, gléasraí píolótacha agus taisealbhaidh;
- ii) teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach sna próisis atá ann cheana;
- iii) ardáin dhigiteacha agus infheistíochtaí seirbhísí lena gcuirtear athúsáid agus athchúrsáil chun cinn.

18 Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

19 I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

20 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

21 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Díreofar EUR 30000000 ar a laghad den imchlúdach ar an mbithgheilleagar ciorclach a chur chun cinn agus díreofar EUR 30000000 ar a laghad den imchlúdach ar réitigh an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn sa slabhra luacha ceallraí.

Eagróidh Business Finland glaonna iomaíocha i roinnt céimeanna in 2021.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²²; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²³; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁴ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla²⁵; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiritheofar leis na critéir roghnúcháin freisin go rannchuidíonn gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha leis an réimse idirghabhála 045bis seo a leanas a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuige sin, cumasóidh tionscadail roghnaithe 50 % ar a laghad, i dtéarmaí meáchain, den dramhaíl neamhghuaiseach arna bailiú ar leithligh ina amhábar tánaisteach.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

-
- 22 Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).
- 23 I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.
- 24 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loisceithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.
- 25 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
11	P1C2R1 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athchóiriú an Ghnímh Aeráide agus tionsclú ísealcharbóin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Ghnímh Aeráide athbhreithnithe	Foráil sa dlí lena sonraítear teacht i bhfeidhm an Achte				R2	2022	Áireofar an méid seo a leanas sa leasú ar an nGníomh Aeráide: spriocanna laghdaithe astaíochtaí do 2030 agus 2040 i gcomhréir le conair na neodracht carbóin spriocanna nuashonraithe 2050 —cuspóirí a bhaineann leis an earnáil úsáide talún agus linnte carbóin a neartú
12	P1C2R1 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athchóiriú an Ghnímh Aeráide agus tionsclú ísealcharbóin	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na straitéise nuashonraithe aeráide agus fuinnimh, plean beartais meántéarmach maidir leis an athrú aeráide agus treochláir earnáilsonracha ísealcharbóin	Foilsíú na straitéise, an phlean agus na dtreochláir ar shuíomhanna gréasáin na hAireachta Fostaíochta agus an Gheilleagair agus na hAireachta Comhshaoil				C4	2025	Tabharfar cothrom le dáta na straitéisí aeráide, na pleananna agus na treochláir earnála ísealcharbóin de chuid earnáil na tionsclaíochta is rithábhachtaí (is iad na ceithre phríomhthionscal dianfhuinnimh na tionscail fuinnimh, cheimiceacha, foraoise agus teicneolaíochta) chun an Gníomh Aeráide a chur chun feidhme. Áireofar sa straitéis aeráide agus fuinnimh bearta beartais agus cásanna arb é is aidhm dóibh na spriocanna aeráide agus fuinnimh arna leagan síos ag an Aontas do 2030 agus sprioc neodracht carbóin 2035 a leagtar síos i gClár an Rialtais a bhaint amach.
13	P1C2R2 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú an Ghnímh Dramhaíola	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm phríomhphróisis an Achte Dramhaíola athbhreithnithe	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an Achte Dramhaíola athbhreithnithe				C4	2024	Áireofar an méid seo a leanas san Acht Dramhaíola athbhreithnithe (714/2021): 1) Bailiú náisiúnta deighilte bithdhramhaíola i bhfeidhm go hiomlán in 2022. 2) freagracht táirgeora as dramhaíl ó phacáistíocht agus bailiú ar leithligh dramhaíola ó phacáistíocht agus teicstílí a bheidh ag feidhmiú go hiomlán go náisiúnta in 2023. 3) Bailiú náisiúnta deighilte bithdhramhaíola ó airíonna nua a bheidh ag feidhmiú go hiomlán in 2024. Leis an nGníomh Dramhaíola athbhreithnithe, tabharfar de chumhacht do rialtas na Fionlainne foraitheanta nua a ghlacadh lena n-áirítear: (i) spriocanna ginearálta athchúrsála do dhramhaíl chathrach, a mhéadófar ó 41 % atá ann faoi láthair go 55 % in 2025 agus 60 % in 2030 agus (ii) spriocanna athchúrsála atá ceangailteach ó thaobh dlí do tháirgeoirí dramhaíola ó phacáistíocht, a mhéadóidh ráta athchúrsála na pacáistíochta plaistí faoi 31 %.

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
14	P1C2R2 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú an Ghnímh Dramhaíola	Garsprioc	Glacadh rún an Rialtais maidir le cur i bhfeidhm an Chláir Straitéisigh le haghaidh Geilleagair Chiorclaigh	Foilsíú an rúin ón Rialtas (YM/2021/17) ar shuíomh gréasáin an Rialtais				R2	2021	Glacfar rún an Rialtais maidir le cur i bhfeidhm an chláir straitéisigh le haghaidh geilleagar ciorclach agus áireofar ann an cuspóir go dtiocfaidh laghdú ar thomhaltas acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite, agus go bhféadfadh méadú teacht ar úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha in-athnuaite ionas nach rachaidh tomhaltas intire iomlán na n-amhábhbar príomhúil thar leibhéal 2015 faoi 2035.
15	P1C2R2 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú an Ghnímh Dramhaíola	Garsprioc	Comhaontú náisiúnta a thabhairt i gcrích le príomhghníomhaithe maidir le geilleagar ciorclach ísealcharbóin	Tá bunú an chreata conartha le haghaidh geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus comhaontú tugtha i gcrích le príomhghníomhaithe ón tionscal agus ó pháirtithe leasmhara				R2	2023	Déanfar an creat conartha náisiúnta nua le haghaidh geilleagar ciorclach ísealcharbóin, lena dtacaítear leis an gclár straitéiseach um gheilleagar ciorclach, a thabhairt i gcrích agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin rialtas Phoblacht na Fionlainne. Déanfar na cásanna tacaíochta maidir le húsáid acmhainní nádúrtha a ullmhú i gcomhar leis na hinstitiúidí taighde ábhartha. Is é an sprioc atá ann dhá phríomhchomhlachas tionscail ar a laghad, chomh maith le 20 bardas agus cathair ar a laghad, a bheith páirteach sa chomhaontú agus gealltanas a thabhairt bearta a chur chun feidhme lena gcuirtear cuspóirí an Chláir Straitéisigh don Gheilleagar Ciorclach chun cinn.
16	P1C2I1 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaon náisiúnta ar iarratais chun hidrigin astaíochtaí ísle a tháirgeadh agus a úsáid chomh maith le dé-ocsaid charbóin a ghabháil agus a úsáid	Foilsíú na gcéad ghlaonna ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland				C4	2021	Seoladh an chéad ghlaon náisiúnta ar iarratais chun hidrigin astaíochtaí ísle a tháirgeadh agus a úsáid chomh maith le dé-ocsaid charbóin a ghabháil agus a úsáid. Áireofar i dtéarmaí tagartha an ghlaon critéir incháilitheachta lena n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh na tionscail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
17	P1C2I1 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid	Garsprioc	Dámhachtain na ndeontas uile le haghaidh tionscail gabhála agus úsáide hidrigin ísealcharbóin agus ísealcharbóin	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				C4	2023	Déanfar roghnú na dtionscail gabhála agus úsáide hidrigin ísealcharbóin uile i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 16. Dámhfar gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin ar na tairbhíthe tionscail/iarratasóirí a roghnófar faoi na glaoanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh gur féidir tús a

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
	carbóin									chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
18	P1C211 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach — hidrigin ísealcharbóin agus gabháil agus úsáid carbóin	Sprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích		Uimhir	0	3	R2	2026	Cuirfear trí thionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht i gcrích, arna bhfianú le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach de EUR 122400000 ar a laghad den EUR 136000000 a leithdháileadh ar an mbeart.
19	P1C212 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú próiseas tionsclaíoch	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar thograí le haghaidh leictriú díreach agus ísealcharbóin próiseas tionsclaíoch atá dírithe ar astaíochtaí CO2 ón tionscal a laghdú	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland.				C4	2021	Tháinig na treoirí cistiúcháin leasaithe (an Rialachán maidir le Cabhair Fuinnimh) i bhfeidhm, rud a d'fhág gur féidir an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí maidir le leictriú díreach agus maidir le próis tionsclaíocha a dhícharbónú, arb é is aidhm dóibh astaíochtaí CO2 ón tionsclaíocht a laghdú, a sheoladh. Áireofar i dtéarmaí tagartha an ghlaio critéir incháilitheachta lena n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
20	P1C212 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú próiseas tionsclaíoch	Garsprioc	Bronnadh na ndeontas uile le haghaidh tionscadail leictiríthe dhírigh agus próiseas tionsclaíoch ísealcharbóin	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				C4	2023	Roghnófar gach tionscadal leictiríthe dhírigh agus próiseas tionsclaíoch ísealcharbóin i gcomhréir le critéir na nglanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 19. Eiseofar gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin chuig na tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí arna roghnú faoi na glanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
21	P1C212 — Leasuithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — leictriú díreach agus dícharbónú próiseas tionsclaíoch	Sprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích		Uimhir	0	3	R2	2026	Cuirfear trí thionscadal ar a laghad dá dtugtar tacaíocht i gcrích, arna bhfianú le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach de EUR 43200000 ar a laghad den EUR 48000000 a leithdháileadh ar an mbeart.

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
22	P1C2I3 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus taobhshruthanna tionsclaíocha	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar thionscadail infheistíochta a chuireann athúsáid ábhar dramhaíola agus foshruithanna chun cinn.	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais ar shuíomh gréasáin Business Finland				C4	2021	Tháinig an Fhoraithe Rialtais maidir le Cabhair a Dheonú do Ghnólachtaí chun an Geilleagar Ciorclach agus Fás Glas Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn (1197/2020) i bhfeidhm, lena gcuimseáitear seoladh an chéad ghlaio iomaíoch ar thograí le haghaidh tionscadail infheistíochta lena gcuirtear athúsáid ábhar dramhaíola agus foshruithanna chun cinn. Áireofar i dtéarmaí tagartha an ghlaio critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
23	P1C2I3 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus taobhshruthanna tionsclaíocha	Garsprioc	Bronnadh na ndeontas uile ar na tionscadail athúsáide agus athchúrsála	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				C4	2023	Roghnaíofar gach tionscadal maidir le hathúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus taobhshruthanna tionsclaíocha i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 22. Eiseofar gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin chuig na tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí arna roghnú faoi na glaoanna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
24	P1C2I3 — Athchóirithe agus infheistíochtaí tionsclaíocha lena dtacaítear leis an aistriú glas agus digiteach — Athúsáid agus athchúrsáil príomhábhar agus taobhshruthanna tionsclaíocha	Sprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích		Uimhir	0	10	R2	2026	Beidh deich dtionscadal ar a laghad a dtugtar tacaíocht dóibh curtha i gcrích, arna bhfiánu le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach de EUR 99000000 ar a laghad den EUR 110000000 a leithdháileadh ar an mbeart.

C. COMHPHÁIRT P1C3: TIONCHAIR AERÁIDE AGUS CHOMHSHAOIL AN STOIC FOIRGNEAMH A LAGHDÚ

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad sochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht carbóin á baint amach aici faoi 2035. Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach trí astaíochtaí foirgneamh a laghdú le linn a saolré, agus béim ar leith á leagan ar thógáil agus ar théamh.

Áirítear leis an gcomhpháirt infheistíocht chun úsáid modhanna ísealcharbóin a chur chun cinn in earnáil na tógála. Comhlánófar an infheistíocht sin le hathchóirithe arb é is aidhm dóibh astaíochtaí a laghdú i dtógáil foirgneamh agus lena gcuirfear deireadh de réir a chéile le córais téimh a bhreoslaítear le hola iontaise i bhfoirgnimh phoiblí faoi 2024 agus go hiomlán faoi thús 2030s.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), chomh maith le hinfeistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C3R1): Athchóiriú ar an Acht um Úsáid agus Tógáil Talún

Glacfaidh an Fhionlainn reachtaíocht chun athchóiriú a dhéanamh ar an nGníomh um Úsáid agus um Fhoirgníocht Talún atá ann cheana (132/1999) a mbeidh sé d'aidhm amháin aici astaíochtaí ó shaolré iomlán foirgneamh a laghdú, lena n-áirítear tógáil, úsáid, deisiú agus scartáil. Tá an t-athchóiriú dírithe ar fhorbróirí, úinéirí, dearthóirí, conraitheoirí, tionscal an ábhair agus údaráis.

Cuirfear an t-athchóiriú chun feidhme de réir a chéile ag tosú in 2023, agus glacfar na rialacháin dheireanacha faoin 30 Meitheamh 2026. Tar éis don athchóiriú teacht i bhfeidhm, is tógáil ísealcharbóin a bheidh ann agus déanfar athchóirithe le réitigh ísealcharbóin.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C3R2): Plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise

Tá sprioc glactha ag an bhFionlainn deireadh a chur de réir a chéile le húsáid téimh ola iontaise in 2030. Cuirfidh an beart athchóirithe seo ar chumas na Fionlainne forléargas a bhunú ar fhoirgnimh ina bhfuil téamh ola iontaise agus a n-úinéirí, a n-astaíochtaí agus a dtomhaltas fuinnimh. Glacfaidh an Fhionlainn plean gníomhaíochta arb é is aidhm dó an sprioc a bhaint amach maidir le téamh ola a chéimniú amach faoi 2030. Áireofar sa phlean gníomhaíochta ionstraimí amhail fóirdheontais agus deontais, cánacha agus fóirdheontais chánach, stiúradh faisnéise, stiúradh rialála, comhaontuithe éifeachtúlachta fuinnimh, soláthar poiblí agus ionstraimí airgeadais chun an sprioc sin a bhaint amach. Táthar ag súil go ndéanfar cinntí ar leithligh maidir le hionstraimí nua a úsáid nó maidir leis na hionstraimí atá ann cheana a fheabhsú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (P1C3I2): Clár um thimpeallacht thógtha ísealcharbóin

Is éard atá sa bheart seo go príomha clár taighde, forbartha agus nuálaíochta arb é is aidhm dó dlús a chur le réitigh ísealcharbóin (amhail samhlacha oibriúcháin, táirgí, ábhair) a fhorbairt agus a ghlacadh sa timpeallacht thógtha. Cuireann an beart le maolú ar an athrú aeráide agus cuireann sé geilleagar ciorclach ísealcharbóin chun cinn, lena ndírítear ar thaighde agus nuálaíocht, ar aistriú teicneolaíochta agus ar chomhar idir taighde, gnó agus rialtas áitiúil. Tacófar leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- i) scéim tacaíochta deontais le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta chun infheistíocht a spreagadh (EUR 32 milliún ar a laghad);
- ii) bonn eolais agus uirlisí measúnaithe a sholáthar a thacaíonn le réitigh atá neamhdhíobhálach don aeráid agus ísealcharbóin sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear an fhéidearthacht tacaíocht infheistíochta a fháil faoi raon feidhme an chláir (EUR 4 mhilliún ar a laghad); agus
- iii) tacaíocht d'fhorbairt agus do chomhordú comhthionscadal gnó a bhfuil sé d'aidhm acu réitigh ísealcharbóin a onnmhairiú sa timpeallacht thógtha (EUR 2 mhilliún ar a laghad).

Deonófar tacaíocht faoi chláir thacaíochta Business Finland (i agus iii thuas) (acht 1146/2017, foraithe 1147/2017 agus 1444/2014) agus faoi fhoraithe 1286/2015 agus 688/2001 ón Aireacht Comhshaoil (ii thuas). Eagróidh Business Finland glaonna iomaíocha i roinnt céimeanna ag tosú in 2021. Cuireann an scéim le treoirthionscadal (*clár Kira-Digi*, a cuireadh i gcrích ó 2016 go 2019). Díreofar na glaonna go príomha ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, ar údarais áitiúla agus ar institiúidí taighde.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²⁶; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²⁷; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola²⁸ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla²⁹; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach féidir ach

26 Seachas tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, atá i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01).

27 I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

28 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loisceithe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

29 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibriúcháin athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiríteofar leis na critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bhaint amach le réimsí idirghabhála 022 nó 027 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
25	P1C3R1 — Na tionchair atá ag an stoc foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — An tAcht um Úsáid Talún agus um Fhoirgníocht a Athchóiriú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta athchóirithe um Úsáid agus Tógáil Talún	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Úsáid Talún agus Tógáil				R2	2026	Aireofar sa reachtaíocht atá bunaithe ar an ngníomh athchóirithe um úsáid talún agus um thógáil teorainneacha ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó thionscadail tógála le linn shaolré an fhoirgnimh. Déanfaidh sé forbairt modhanna ríofa agus bunachar sonraí idir-inoibritheach a rialáil freisin chun tógáil ísealcharbóin a chumasú.
26	P1C3R2 — Na tionchair a bhíonn ag an stoc foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	Garsprioc	Foilsíú an phlean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	An plean gníomhaíochta a fhoilsíú ar shuíomh gréasáin rialtas na Fionlainne				R2	2022	Leagfar amach sa phlean gníomhaíochta na bearta uile is gá chun tacú le téamh ola iontaise a chéimniú amach i ngach foirgneamh san Fhionlainn faoin 31 Nollaig 2030.
27	P1C3R2 — Na tionchair a bhíonn ag an stoc foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — plean gníomhaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le téamh ola iontaise	Sprioc	Laghdú ar líon na dtithe scoite a úsáideann téamh ola ar leithligh		Uimhir	133 000	106 400	C4	2025	Laghdú ar líon na dtithe scoite a úsáideann téamh ola ar leithligh ó 133000 in 2019 go 106400 in 2025, arb ionann é agus laghdú 20 %.
31	P1C3I2 — Na tionchair a bhíonn ag an stoc foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — Clár Timpeallachta Tógtha Ísealcharbóin	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaio ar iarratais maidir le tacaíocht do thimpeallacht thógtha ísealcharbóin	Foilsíú an ghlaio ar iarratais				C4	2021	Seoladh an chéad ghlaio iomaíoch ar iarratais maidir le clár timpeallachta tógtha ísealcharbóin maidir le taighde agus nuálaíocht, aistriú teicneolaíochta agus comhar idir taighde, gnó agus rialtas áitiúil. Aireofar sna téarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta.
32	P1C3I2 — Na tionchair a bhíonn ag an stoc	Garsprioc	Dámhachtain na ndéontas agus na	Fógra a thabhairt faoi dhámhachtain				R2	2024	Déanfar roghnú na dtionscadal uile ar thimpeallacht thógtha ísealcharbóin i gcomhréir le critéir na nglaoanna ar thograí faoi

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunlíne	Sprioc	Q	Bliain	
	foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — Clár Timpeallachta Tógtha Ísealcharbóin		gconarthaí poiblí uile do thionscadail a thacaíonn le timpeallacht thógtha ísealcharbóin	na ndeontas agus na gconarthaí poiblí uile						seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 31. Eiseofar gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin chuig na tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí arna roghnú faoi na glaonna iomaíocha ar thograí, rud a fhágfaidh gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
33	P1C3I2 — Na tionchair a bhíonn ag an stoc foirgneamh ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a laghdú — Clár Timpeallachta Tógtha Ísealcharbóin	Garsprioc	Na tionscadail a dtacaítear leo a chur i gcrích	Foilsíú na tuarascála deiridh maidir le tionscadail atá curtha i gcrích				R2	2026	Déanfar gach tionscadal dá dtugtar tacaíocht a thabhairt chun críche, mar a léirítear le tuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail. Comhfhreagróidh siad sin do ghealltanas buiséadach de EUR 36000000 ar a laghad den EUR 40000000 a leithdháileadh ar an mbeart. Soláthraítear i dtuarascáil an chláir an phríomhfhaisnéis maidir leis na tionscadail go léir a fhaigheann tacaíocht, lena n-áirítear na deontais a leithdháiltear orthu agus na costais a bhaineann le soláthairtí agus le clár a chur chun feidhme. Cumhdófar leis freisin measúnú ar an tionchar ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin in earnáil na tógála agus an eastáit réadaigh, mar thoradh ar an gclár.

D. COMHPHÁIRT P1C4: RÉITIGH ÍSEALCHARBÓIN DO PHOBAIL AGUS DON IOMPAR

Tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn a bheith ar an gcéad sochaí leasa saor ó iontaise ar domhan, agus neodracht carbóin á baint amach aici faoi 2035. Mar chuid den aistriú chuig a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2035, tá sprioc leagtha síos ag an bhFionlainn freisin astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú le cuspóir na n-astaíochtaí iompair a bhaint amach trí astaíochtaí san iompar a laghdú agus trí úsáid modhanna iompair atá saor ó charbón a chur chun cinn. Faoi láthair, níl i mótarfheithiclí malartacha ach 2.3 % den fhlít gluaisteán paisinéirí, agus tá 48 % de na stáisiúin luchtaithe leictreachais agus athbhreoslaithe gáis phoiblí uile lonnaithe sna príomhlimistéir uirbeacha (Helsinki, Tampere, Turku).

Áirítear sa chomhpháirt infheistíocht chun úsáid iompair phríobháidigh neamhiontaise a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar luchtaithe agus athbhreoslaithe poiblí le haghaidh feithiclí a úsáideann breoslaí neamhiontaise. Beidh athchóirithe ag gabháil leis an infheistíocht, lena n-áirítear treochlár chun úsáid iompair neamhiontaise a spreagadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chánachas iompair.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), chomh maith le hinfheistíocht a chur chun cinn san aistriú ísealcharbóin agus san aistriú fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C4R1): Treochlár d'iompar saor ó iontaise

Measann an Fhionlainn go bhfuil gá le gníomhaíocht bhreise chun astaíochtaí CO₂ san iompar a laghdú 1,65 meigeathonna breise faoi 2030. Ghlac rialtas na Fionlainne Rún maidir leis an treochlár don iompar saor ó iontaise an 6 Bealtaine 2021, ina gcuirtear i láthair bearta chun sprioc 2030 a bhaint amach agus bealach iompair saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoi 2045.

Sa chéad chéim, déanfar cinntí maidir le fóirdheontais agus dreasachtaí a chuirfidh iompar saor ó astaíochtaí chun cinn. I measc na mbearta atá beartaithe tá bithghás agus breoslaí leictrea-leictreacha a áireamh san oibleagáid dáileacháin, tacaíocht do bhonneagar dáileacháin poiblí le haghaidh leictreachas agus gás iompair, bonneagar luchtaithe príobháideach do chuideachtaí tithíochta agus ionaid oibre chomh maith le roinnt fóirdheontas ceannaigh (gluaisteáin uileleictreacha, veaineanna agus trucaílí leictreacha agus gáschumhachtaithe) agus tacaíocht do mhodhanna iompair inbhuanaithe (rothaíocht, siúl, iompar poiblí). Is ionann an laghdú ríofa ar astaíochtaí na mbearta sin agus 0,62 meigeathonna (Mt) ar a laghad. Táthar ag súil go dtacóidh hinfheistíochtaí dá bhforáiltear faoin gcomhchuid seo le cur chun feidhme an athchóirithe seo. Déanfar cinntí maidir le maoiniú na mbearta sin a bhreithniú i gcaibidlíocht bhuiséad an rialtais i bhfómhar na bliana 2021.

Ina theannta sin, tabharfar na measúnuithe tionchair ar bhearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann chun críche faoin 31 Nollaig 2021. Áireofar an méid seo a leanas ar na bearta a bheidh le measúnú:

- An oibleagáid dáilte le haghaidh bithgháis agus bithbhreosla a mhéadú ón 30 % atá ann faoi láthair

- Réamhriachtanais chun cianobair a mhéadú
- Acmhainneacht laghdaithe astaíochtaí an iompair chomhcheangailte
- Réitigh iompair dhigitigh agus seirbhísí soghluaisteachta a chur chun cinn
- Bearta eile chun astaíochtaí a laghdú a bheidh inchreidte, infhíoraithe.

A luaithe a bheidh an dul chun cinn maidir le bearta ar leibhéal an Aontais agus toradh na measúnuithe tionchair ar eolas, déanfaidh an Fhionlainn measúnú ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith le bearta breise agus déanfaidh sí cinneadh maidir leis an ngá sin agus glacfaidh sí tograí beartais faoi dheireadh 2021 chun na laghduithe astaíochtaí atá fágtha a bhaint amach (céim 3 den treochlár). Chuige sin, ullmhófar bearta malartacha éagsúla, lena n-áirítear trádáil astaíochtaí náisiúnta le haghaidh breoslaí iontaise. Déanfar an cás bunlíne maidir le hastaíochtaí ó iompar intíre a thabhairt cothrom le dáta faoi fhómhar 2021 chun meastacháin nua a fháil ar mhéid na laghduithe ar astaíochtaí is gá chun sprioc 2030 a bhaint amach.

Tar éis chur chun feidhme an Treochláir um iompar saor ó iontaise, déanfaidh an Fhionlainn astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre a laghdú 29 % ar a laghad faoi 2025, i gcomparáid le leibhéal 2005.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P1C4R2): Athchóiriú cánach le haghaidh iompar inbhuanaithe

Le hathchóiriú ar an gcánachas ar shochair iompair fostaithe, spreagfar úsáid feithiclí leictreacha, iompair phoiblí agus rothar. Áireofar leis sin rátaí cánach níos ísle d'fheithiclí leictreacha don tréimhse 2021-2025, scéimeanna simplithe cánachais le haghaidh ticéid chomaitéireachta agus buntáistí saor ó cháin ar rothair fostaithe.

Ina theannta sin, ullmhóidh an Fhionlainn athbhreithniú ar chánachas gluaisteán cuideachta chun tús áite a thabhairt d'fheithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear rátaí cánach níos ísle do ghluaisteáin de chuid cuideachtaí astaíochtaí ísle.

Ina theannta sin, táthar ag súil go mbeidh tuarascáil glactha ag meitheal atá comhdhéanta de státseirbhísigh i mí na Bealtaine 2021, ina gcuirtear comhairle ar rialtas na Fionlainne maidir leis na bearta cánach is gá chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an rialaithe astaíochtaí iompair agus chun an bonn fioscach fadtéarmach a áirithiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2022.

Infheistíocht 1 (P1C4I1): Bonneagar poiblí athluchtaithe agus athbhreoslaithe chun leictreachas agus hidrigin a iompar

Leis an mbeart sin, cuirfear tacaíocht ar fáil do thógáil líonra bonneagair phoiblí atá ar fáil go forleathan chun feithiclí leictreacha a luchtú, agus d'athbhreoslú feithiclí hidrigine, lena n-áirítear feithiclí tromshaothair, chun astaíochtaí a laghdú trí spreagadh a thabhairt chun feithiclí arna gcumhachtú le breoslaí malartacha a chur in ionad feithiclí faoi thiomáint iontaise. Cuirfear tacaíocht ar fáil do i) luchtairí ardchumhachta agus ii) stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine in-athnuaite.

Chun a bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, ní mór do na pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe a bheith inrochtana go poiblí. Tá an tacaíocht i bhfoirm glaonna iomaíochta faoi fhreagracht an Údaráis Fuinnimh trí bhreisiú a dhéanamh ar scéim chabhrach atá ann cheana atá bunaithe faoi láthair ar Fhoraithe Rialtais (498/2018) maidir le cabhair bhonneagair le haghaidh leictreachas iompair agus bithghás in 2018-2021. Glacfar Foraithe Rialtaisnua in 2022 chun an tréimhse 2022-2025 a chumhdach. Beidh na glaonna ar oscailt do chuideachtaí aonair agus do

bhardais chomh maith. Cuirfear na hinfheistíochtaí chun feidhme i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2025.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir	Beart	Garsprios/Sprios	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriosanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriosanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprios agus sprios
					Aonad	Bunlíne	Sprios	Q	Bliain	
34	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar — Treochlár don iompar saor ó iontaise	Garsprios	Glacadh rún an Rialtais LVM/2021/62 chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ón iompar intíre a laghdú	Foilsíú an rún ón Rialtas				R2	2021	Áireofar sa treochlár don iompar saor ó iontaise treoracha agus treoirlínte chun bearta a ullmhú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar intíre a laghdú 50 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 2005. Déanfar cuid de na bearta a chur chun feidhme le reachtaíocht agus le bearta beartais eile.
35	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar saor ó iontaise	Garsprios	Foilsíú chinneadh an rialtais maidir le bearta náisiúnta breise chun astaíochtaí ó iompar intíre a laghdú	Foilsíodh cinneadh an rialtais				C4	2021	Déanfar na bearta a bheidh le glacadh tar éis measúnú tionchair cuimsitheach agus beidh sé d'aidhm acu astaíochtaí iompair a laghdú 50 % in 2030 i gcomparáid le 2005. Is é 1.03 meigeathonna (mar a mheastar sa chás bunlíne Aibreán 2020) méid measta na laghduithe is gá le bearta breise. Tabharfar an meastachán cothrom le dáta bunaithe ar an mbunchás nuashonraithe a thíolacfar i bhfómhar 2021.
36	P1C4R1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar saor ó iontaise	Sprios	Laghdú 29 % ar a laghad ar astaíochtaí ón iompar intíre faoi 2025 i gcomparáid le 2005		Céatadán	0	29	R2	2026	Tar éis na bearta beartais sa Treochlár maidir le hiompar saor ó iontaise a chur chun feidhme, tá laghdú 29 % ar a laghad tagtha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an iompair intíre faoi 2025, i gcomparáid le leibhéal 2005, rud a fhágann go bhfuil an Fhionlainn ar an mbealach chun an sprios maidir le laghdú 50 % ar astaíochtaí a bhaint amach faoi 2030.
37	P1C4R2 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar — Athchóiriú cánach ar mhaithe le hiompar inbhuanaithe	Garsprios	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an Acht Cánach Ioncaim (1205/2020) maidir le cánachas ar shochair fostaíochta soghluaisteachta	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht				R2	2021	Beidh na leasuithe ar an Acht Cánach Ioncaim i bhfabhar carr astaíochtaí i bhfad níos ísle a roghnú agus úsáid níos cothroime a bhaint as seirbhísí iompair agus soghluaisteachta éadroma agus poiblí. Áireofar leis sin rátaí cánach níos ísle do ghluaiстеáin leictreacha iomlána don tréimhse 2021-2025, scéimeanna simplithe cánachais le haghaidh ticéid chomaitéireachta agus buntáistí saor ó cháin ar rothair fostaithe.
38	P1C4R2 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar —	Garsprios	Teacht i bhfeidhm leasuithe	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na				R2	2022	Beidh na leasuithe ar an Acht Cánach Ioncaim i bhfabhar carr astaíochtaí ísle a roghnú. Áireofar ann rátaí cánach níos

Uimhir	Beart	Garsprios/Sprios	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garsprioscanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh sprioscanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprios agus sprios
					Aonad	Bunlíne	Sprios	Q	Bliain	
	Athchóiriú cánach ar mhaithe le hiompar inbhuanaithe		reachtacha ar an Acht Cánach Ioncaim (xx/2021) maidir le cánachas ar ghluaisteáin chuideachta	leasuithe ar an Acht						isle do ghluaisteáin astaíochtaí isle don tréimhse 2022-2025.
39	P1C4I1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar — Bonneagar poiblí athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh leictreachas agus hidrigin a iompar	Garsprios	Foilsíú na nglaoanna ar fheidhmchláir chun feabhas a chur ar an mbonneagar dáileacháin le haghaidh feithiclí leictreacha agus hidrigine	Foilsíú na nglaoanna ar iarratais				R2	2022	Seoladh an chéad dá ghlaó ar thograí maidir leis an mbonneagar dáileacháin d'fheithiclí leictreacha agus hidrigine, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta.
40	P1C4I1 — Réitigh ísealcharbóin do chathracha agus don iompar — Bonneagar poiblí athluchtaithe agus athbhreoslaithe le haghaidh leictreachas agus hidrigin a iompar	Sprios	Buiséad geallta do luchtairí feithiclí leictreacha agus do phointí athbhreoslaithe hidrigine		EUR	0	13 600 000	R2	2025	Gheall Údarás Fuinnimh na Fionlainne EUR 13600000 ar a laghad chun tionscadail incháilithe a chur chun feidhme chun luchtairí feithiclí leictreacha agus stáisiúin athbhreoslaithe hidrigine a shuiteáil.

E. COMHPHÁIRT P1C5: INBHUANAITHEACHT CHOMHSHAOIL AGUS AN DÚLRA — RÉITIGH BUNAITHE AR AN GCOMHSHAOL

Tá sprioc leagtha síos ag rialtas na Fionlainne stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta faoi 2030. Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne rannchuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta mar thoradh ar dhianúsáid acmhainní nádúrtha agus truailliú Mhuir Bhailt a chomhrac.

Áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh réitigh nuálacha a chur chun cinn chun truailliú a chomhrac, amhail gipseam a úsáid, seachtháirge tionsclaíoch chun an tíuchan fosfair i Muir Bhailt a laghdú, chomh maith le bainistiú foraoisí atá inbhuanaithe ó thaobh na haeráide de a fhorbairt. Comhlánaítear na hinfeistíochtaí sin le hathchóiriú ar an ngníomh um chaomhnú an dúlra. Beidh an gníomh sin ina bhunús dlí don straitéis bhithéagsúlachta náisiúnta agus beidh sé d'aidhm aige an bhithéagsúlacht a neartú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas (Moladh Tírshonrach 3 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P1C5R1): Reachtaíocht maidir le caomhnú an dúlra a nuachóiriú

Níl bunús dlí ag an bhFionlainn faoi láthair don straitéis náisiúnta bhithéagsúlachta ná do bhearta deonacha caomhnaithe dúlra, lena n-áirítear athchóiriú agus bearta bainistíochta nádúrtha gníomhacha. Tabharfaidh an Fhionlainn an tAcht um Chaomhnú an Dúlra (1096/1996) cothrom le dáta chun freagairt níos fearr do na riachtanais atá ann faoi láthair chun an bhithéagsúlacht a neartú. Áiríteofar le leasuithe reachtacha ar an nGníomh go dtabharfar aird níos fearr sa chinnteoireacht ar chaomhnú na bithéagsúlachta lasmuigh de limistéir chaomhantais dúlra agus ar chothabháil seirbhísí éiceachórais. Ina theannta sin, glacfar bearta nua chun éifeachtacht chaomhnú gnáthóg agus speiceas a fheabhsú.

Cuirfidh an rialtas an tAcht nua um Chaomhnú an Dúlra faoi bhráid na Parlaiminte faoin 31 Eanáir 2022. Tiocfaidh an Ionstraim nua i bhfeidhm le linn 2022. Is iad na Lárionaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, Iompar agus Comhshaoil, Metsähallitus agus an Aireacht Comhshaoil a dhéanfaidh an Gníomh a chur chun feidhme.

Meastar go nglacfaidh an Fhionlainn rialachán freisin maidir leis an gcóras tacaíochta airgeadais do bhearta athchóirithe agus cúraim, lena dtacófar le bearta chun gnáthóga, speicis agus luachanna tírdhreacha atá i mbaol a athshlánú agus a bhainistiú.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Nollaig 2023.

Infheistíocht 1 (P1C5I1): Cóireáil gipsim agus athchúrsáil cothaitheach

Tacóidhan beart le cuspóirí aeráide agus comhshaoil trí thalamh arúil a chóireáil le gipseam. Is é is aidhm don réiteach sin an t-ualach fosfair ón talmhaíocht go dtí an Mhuir Bhailt a laghdú. Tá sé d'aidhm ag an mbeart freisin sceitheadh cothaitheach isteach i ndobharlaigh a laghdú trí athchúrsáil cothaitheach ó shruthanna dramhaíola ar mhórán cothaitheach ó limistéir uirbeacha a chur chun cinn, rud a mheastar a rannchuideoidh le heotrófú agus díghrádú a chosc.

Tá dhá ghné san infheistíocht:

- i) déileáil le páirceanna le gipseam; agus

ii) Tionscadail taighde agus forbartha maidir le hathchúrsáil cothaitheach.

Deonófar antacaíocht le haghaidh cóireáil réimsí ina bhfuil gipseam faoi fhoraithe rialtais 510/2020, a eisíodh faoin Acht um an Eagraíocht Acmhainní Uisce agus an Straitéis Mhuirí (1299/2004). Seolfar glaonna iomaíochas ar thairiscintí le haghaidh na seirbhísí gipseam, iompair agus feidhmchlár faoi fhreagracht an Lárionaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, um Iompar agus um an gComhshaol d'Iardheisceart na Fionlainne in 2021. Tá an beart dírithe ar tháirgeoirí agus ar fheirmeoirí. Aithníodh go bhfuil 540000heicteár de pháirceanna san Fhionlainn oiriúnach do chóireáil gipseam. Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Go háirithe, déanfarfaireachán ar na tailte arúla agus ar na do Bharlaigh lena mbaineann chun a áirithiú nach mbeidh aon drochthionchar ar an talamh (lena n-áirítear ithir) agus ar éiceachórais uisceacha agus nach mbeidh drochthionchar ar a chothromaíocht carbóin. I gcás ina sainaitheofar aon éifeachtaí díobhálacha, déanfar bearta iomchuí chun aisghabháil éiceachórais agus/nó cothromaíochta carbóin a áirithiú agus ba cheart úsáid gipsim a chosc sa limistéar lena mbaineann. Ní úsáidfear maoiniú faoin infheistíocht sin chun gipseam a chur i bhfeidhm chun barra bithbhreosla/bithfhuinnimh atá bunaithe ar bhia a fhás. Deonófar an tacaíocht do thionscadail T & F maidir le hathchúrsáil cothaitheach faoi Fhoraithe Rialtais maidir le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh maidir le hathchúrsáil cothaitheach agus cóireáil fuíolluisce in 2020-2026 (657/2020). Seolfar glaonna oscailte faoi fhreagracht na hAireachta Comhshaoil. Tacóidh na tionscadail le teicnící agus modhanna nua a thabhairt isteach le haghaidh athchúrsáil cothaitheach, le táirgeadh táirgí deiridh iomaíochas lena ngabhann leibhéal ard próiseála, le hinfeistíocht i T & F agus le hiomaíochas an tionscail. Sa phróiseas roghnúcháin, tabharfar aird ar leith ar na tionchair ar an athrú aeráide, ar an eotrófú agus ar an mbithéagsúlacht.

Áiritheofar le critéir roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bhaint le réimse idirghabhála 045bis a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Chuige sin, áiritheoidh tionscadail roghnaithe le haghaidh soláthar gipsim go ndéanfar 50 % ar a laghad, i dtéarmaí meáchain thirime, den dramhaíl ghipsim thirim neamhghuaiseach arna bailiú ar leithligh arna giniúint ag na monaróirí ábhartha a sholáthraíonn an gipseam, a thiontú ina n-amhábhair thánaisteacha. Áiritheoidh tionscadail roghnaithe le haghaidh athchúrsáil cothaitheach go ndéanfar 50 % ar a laghad de na cothaitheigh inghnóthaithe nó den bhithmhais i bhfuíolluisce a thiontú ina n-amhábhair thánaisteacha.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (P1C5I2): Bearta atá inbhuanaithe ó thaobh na haeráide de san earnáil talamhúsáide

Díríonn an beart seo ar mhodhanna úsáide talún atá inbhuanaithe ó thaobh na haeráide de a fhorbairt. Maoineoidh an Fhionlainn tionscnaimh lena gcuirfear ar chumas earnáil na foraoiseachta úsáid a bhaint as modhanna lománaíochta agus feirmeoireachta atá níos spriocdhírithe agus níos éagsúla, ina gcuirfear ithir, luachanna nádúrtha agus cosaint uisce san áireamh ar bhealach níos láidre ná mar atá faoi láthair (“beachtasforaoiseacht”). Táthar ag súil nach ndéanfaidh an beart seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar an mbeart agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh. Aireofar leisan mbeart modhanna, teicneolaíochtaí agus giniúint faisnéise breise chun inbhuanaitheacht foraoisí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thaobhú le foraoisí measctha agus trí bhithéagsúlacht foraoise a neartú, inter alia trí mhéid an adhmaid mharbh sa láithreán a mhéadú. Sna foraoisí ina gcuirtear modhanna bainistíochta foraoise leanúnacha i bhfeidhm, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil aon chiorruithe soiléire ann, ní bheidh aon tuirlingt nua ná aon díchruthú

feabhais ann. Táthar ag súil go gcuirfidh forbairt modhanna nua feabhas ar chruthú luacha agus go mbeidh slabhraí gníomhaíochta foraoise níos éifeachtúla, agus ag an am céanna féadfar nuálaíochtaí nua a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid go náisiúnta agus ar fud an domhain.

Deonófar an tacaíocht chun bearta nua úsáide talún a fhorbairt ar bhonn Fhoraithe Rialtais 5/2021 maidir le deontais le haghaidh bearta aeráide san earnáil úsáide talún in 2020-2025. Foilseoidh an Aireacht Talmhaíochta agus Foraoiseachta glao ar iarratais ar thionscadail forbartha agus oiliúna. Déanfar seacht dtionscadal ar a laghad a chistiú. Tá an beart dírithe ar ghníomhaithe in earnáil na foraoiseachta (úinéirí foraoise, pleanáil, teicneolaíocht, conraitheoireacht agus cuideachtaí agus pobail eile atá gníomhach sa réimse).

Áiritheofar le critéir incháilitheachta/roghnúcháin go rannchuidíonn gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha leis an réimse idirghabhála 050 a bhfuil comhéifeacht aeráide 40 % aige i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ní bheidh incháilithe faoin mbeart seo ach tionscadail a thacaíonn le hoiriúnú don athrú aeráide agus le maolú ar an athrú aeráide agus atá comhsheasmhach le ceanglais na treorach DNSH.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Am		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunábhar—líne	Sprioc	Q	Bliain	
47	P1C5R1 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — Nuachóiriú na reachtaíochta dúlra	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Achta leasaithe um Chaomhnú an Dúlra	Foráil sa dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm na leasuithe ar an Acht um Chaomhnú an Dúlra				C1	2023	Áireofar an méid seo a leanas sa leasú reachtach ar an Acht um Chaomhnú an Dúlra (1096/1996): — an bhithéagsúlacht a chaomhnú lasmuigh de limistéir chaomhantais dúlra cothabháil seirbhísi éiceachórais — bearta chun éifeachtacht chaomhnú gnáthóg agus speiceas a áirithiú
48	P1C5I1 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — Cóireáil gipsim agus athchúrsáil cothaitheach	Garsprioc	Bronntar tionscadail chun gipseam a sholáthar, a iompar agus a dháileadh	Tionscadail a dhámhachtain i gcomhréir leis an nglao ar thairiscintí chun gipseam a sholáthar, a iompar agus a dháileadh				C4	2022	Seoladh an ghlaio iomaíoch ar thograí chun gipseam a sholáthar, a iompar agus a dháileadh, le téarmaí tagartha lena n-áirítear critéir incháilítheachta lena n-áirítear go gcomhlíonfaidh na conraitheoirí a roghnaítear an ceanglas go ndéanfaidh 50 % ar a laghad, i dtéarmaí méachain, den dramháil neamhghuaiseach a bhailítear ar leithligh a phróiseáil ina amhábhhar tánaisteach agus i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh. Ní úsáidfeadh maoiniú faoin infheistíocht sin chun gipseam a chur i bhfeidhm chun barra bithbhreosla/bithfhuinnimh atá bunaithe ar bhia a fhás.
49	P1C5I1 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — Cóireáil gipsim agus athchúrsáil cothaitheach	Sprioc	Réimsí cóireáilte le gipseam agus laghdú comhcheangailte ar ghnáthúsáid leasacháin		Heicteáir	0	50 000	C4	2025	Déanfaidh feirmeoirí iarratas ar chóireáil gipsim i bpáirceanna atá oiriúnach do ghipseam. Cuirfidh an conraitheoir roghnaithe le haghaidh seirbhísi gipsim, iompair agus dáilte an gipseam i bhfeidhm ar réimse an fheirmeora. Déanfar 50000 heicteár ar a laghad de pháirceanna a chóireáil le gipseam. Neartaítear na héifeachtaí aeráide le ceanglas i ndoiciméadacht an ghlaio chun fosfar gipsim a chur san áireamh go comhréireach ina bpleananna leasacháin. Déanfar an laghdú ina dhiaidh sin ar úsáid an leasacháin ina bhfuil fosfar a fhíorú trí shuirbhé a dhéanamh. Déanfar faireachán ar na tailte arúla agus ar na dobharlaigh lena mbaineann chun a áirithiú nach mbeidh drochthionchair ar thalamh (lena n-áirítear ithir) agus ar éiceachórais uisceacha agus nach mbeidh drochthionchair ar a chothromaíocht carbóin. I gcás ina sainnithneofar aon éifeachtaí díobhálacha, déanfar bearta iomchuí chun aisghabháil éiceachórais agus/nó cothromaíochta carbóin a áirithiú agus ba cheart úsáid gipsim a chosc sa limistéar lena mbaineann.

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Am		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunábhar—líne	Sprioc	Q	Bliain	
50	P1C511 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — Cóireáil gipsim agus athchúrsáil cothaitheach	Garsprioc	Bronntar tionscadail athchúrsála agus aisghabhála cothaitheach	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				C4	2023	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain faoi na glaonna oscailte ar iarratais ar athchúrsáil agus aisghabháil cothaitheach, i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus as an gceanglas maidir le reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus an reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta a chomhlíonadh.
51	P1C511 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — Cóireáil gipsim agus athchúrsáil cothaitheach	Sprioc	Láithreáin a bhfuil athchúrsáil nó aisghabháil cothaitheach feabhsaithe acu		Uimhir	0	7	C4	2025	Beidh athchúrsáil agus aisghabháil cothaitheach feabhsaithe ag seacht gcinn de phlandáil nó de láithreáin ar a laghad de 50 % ar a laghad de na cothaitheigh in-aisghabhála nó den bhithmhais i bhfuíolluisce. Ina theannta sin, díreáir freisin ar leibhéal ullmhachta teicniúla (LRT) de 6 ar a laghad.
52	P1C512 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — bearta atá seasmhach ó thaobh na haeráide de in earnáil na talamhúsáide	Garsprioc	Foilsíú an chéad ghlaon ar thograí le haghaidh tionscadail bheachta foraoiseachta	Foilseachán				C4	2021	Tháinig na treoirlínte cistiúcháin (Foraithne Rialtais 5/2021 maidir le deontas le haghaidh bearta aeráide in earnáil na talamhúsáide in 2020-2025) i bhfeidhm, rud a fhágann gur féidir an chéad ghlaon iomaíoch ar thograí le haghaidh tionscadail foraoiseachta bheachta a sheoladh. Áirítear leis na téarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonann na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha chomhshaoil AE agus náisiúnta. Osclófar an chéad ghlaon ar thograí faoin 31 Nollaig 2021. Áireofar leis an mbeart modhanna, teicneolaíochtaí agus giniúint faisnéise breise chun inbhuanaitheacht foraoisí a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thaobhú le foraoisí measctha agus trí bhithéagsúlacht foraoise a neartú, inter alia trí mhéid an adhmaid mharbh sa láithreán a mhéadú. Sna foraoisí ina gcuirtear modhanna bainistíochta foraoise leanúnacha i bhfeidhm, rud a thugann le tuiscint nach bhfuil aon chiorruithe soiléire ann, ní bheidh aon tuirlingt nua ná aon díchruthú feabhais ann. Ní bheidh ach tionscadail a thacaíonn le hoiriúnú don athrú aeráide agus le maolú ar an athrú aeráide incháilithe faoin mbeart seo.
53	P1C512 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — bearta atá seasmhach ó	Garsprioc	Dámhachtain na ndeontas go léir do na tionscadail foraoiseachta bheachta a	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				C4	2023	Fógra a thabhairt faoi dhámhachtain na ndeontas go léir le haghaidh tionscadail foraoiseachta bheachta a roghnaítear faoi na glaonna ar thograí faoi seach. Beidh gach glao bunaithe ar na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a léirítear i ngarsprioc 52. Bronnadh gach cinneadh maidir le dámhachtain cistiúcháin ar na

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Am		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bunábhar—líne	Sprioc	Q	Bliain	
	thaobh na haeráide de in earnáil na talamhúsáide		roghnaítear le haghaidh cistiúcháin							tairbhíthe tionscadail/iarratasóirí a roghnaíodh faoi na glaonna iomaíocha ar thograí, rud a fhágann gur féidir tús a chur le cur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe.
54	P1C5I2 — Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlra bhunaithe — bearta atá seasmhach ó thaobh na haeráide de in earnáil na talamhúsáide	Sprioc	Tionscadail bheachta foraoiseachta curtha i gcrích		Uimhir	0	7	C4	2025	Cuirfear seacht dtionscadal foraoiseachta beacht ar a laghad i gcrích, arna fhianú le tuarascálacha deiridh ar thionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail.

COLÚN 2: Leis an digitiú agus an geilleagar sonraí, neartófar an táirgiúlacht agus cuirfear seirbhísí ar fáil do chách

F. COMHPHÁIRT P2C1: BONNEAGAR DIGITEACH

Áirítear ar an gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne infheistíochtaí i mbonneagar cumarsáide agus iompair chun freastal ar riachtanais sochaí atá ag éirí níos digítí.

Ar an gcéad dul síos, tá sé d'aidhm ag an bhFionlainn infheistíocht a dhéanamh i ndigitiú an iompair d'iarnród, rud a chuideoidh leis an bhFionlainn a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, acmhainneacht an chórais a mhéadú, agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú. Go háirithe, is é is aidhm don tionscadal 'DigiRail' córas nua cosanta traenacha uathoibríocha a thabhairt isteach ar líonra iomlán na Fionlainne, ós rud é go mbeidh deireadh lena shaolré faoi dheireadh na ndeich mbliana seo. Cuideoidh cur chun feidhme an tionscadail lena áirithiú go mbeidh seirbhísí iarnróid oiriúnach don todhchaí.

Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe ag an bhFionlainn tacaíocht neamh-inaisíochta a úsáid chun infheistíochtaí príobháideacha i líonraí leathanbhanda ardluais a mhaoiniú i gceantair nach gcuirfí rochtain ar fáil ar bhonn tráchtála iontu. Is é is aidhm don chomhpháirt aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá fós ann i mbonneagar leathanbhanda ardluais ar fud na Fionlainne, go háirithe i gceantair thuaithe a bhfuil rátaí rochtana níos ísle acu. Tá gá le líonraí cumarsáide cuimsitheacha tapa ar fud na Fionlainne de réir mar a thagann méadú ar dhigitiú na hoibre agus ar an táirgeadh tionsclaíoch agus de réir mar a aistrítear seirbhísí digiteacha chuig bealaí digiteacha. Chun réitigh dhigiteacha nua a chur in úsáid ar fud earnálacha, tá gá le líonraí cumarsáide tapa iontaofa, go háirithe le haghaidh feidhmchláir chriticiúla.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha chun infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar bhonneagar inbhuanaithe agus éifeachtúil (Moladh Tírshonrach 3 2020), chomh maith le beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar iompar inbhuanaithe, agus éagothromaíochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh (Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Infheistíocht 1 (P2C1I1): Nascacht dhigiteach — Cáilíocht agus infhaighteacht líonraí cumarsáide a fhorbairt

Is scéim tacaíochta infheistíochta í an infheistíocht chun cáilíocht agus infhaighteacht na nasc cumarsáide a mhéadú i limistéir nach gcuirtear naisc den sórt sin ar fáil iontu bunaithe ar shásraí margaidh amháin. Áirítear leis an mbeart glacadh na reachtaíochta don chlár tacaíochta, chomh maith le heisiocaíocht na tacaíochta airgeadais do sholáthraithe leathanbhanda. Tairgfídh naisc leathanbhanda a fhaigheann tacaíocht faoin scéim acmhainneacht 100 Mbit in aghaidh an tsoicind ar a laghad. Comhlánóidh an tacaíocht neamh-inaisíochta ón tSaoráid an clár tacaíochta leathanbhanda náisiúnta, bunaithe ar an Acht um Thacaíocht Leathanbhanda, ina bhfuil forálacha maidir leis na coinníollacha chun cistí a dheonú agus a eisíoc, agus maidir leis an údarás tacaíochta inniúil agus a chúraimí. Déanfaidh an t-údarás tacaíochta anailís chun a áirithiú nach roghnófar tionscadail ach amháin i limistéir nach bhfuil réitigh mhargadhbhunaithe ar fáil iontu i gcomhréir le Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine. Bunóidh an Fhionlainn post comhordaitheora san Oifig Náisiúnta Leathanbhanda agus é mar aidhm aige leathanbhanda a chur chun cinn agus comhordú ar chistiú leathanbhanda náisiúnta agus AE a phleanáil chun forluí a sheachaint agus comhlántacht a áirithiú.

Críochnófar cur chun feidhme an bhirt faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P2C112): Iompar agus úsáid talún — tionscadal DigiRail

Tá sé mar aidhm ag an bhFionlainn an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtáil Iarnróid (ERTMS) a thabhairt isteach ar an ngréasán náisiúnta ina iomláine faoi 2040, mar aon leis an gCóras Cumarsáide Soghluaiste Iarnróid (FRMCS) atá bunaithe ar 4G agus 5G. Cuideoidh tabhairt isteach ERMTS agus FRMCS lena áirithiú go mbeidh na seirbhísí iarnróid oiriúnach don todhchaí. Chuige sin, maoiníofar leis an infheistíocht céim forbartha agus fíorúcháin DigiRail, lena gcuimsítear ullmhú agus cur i gcrích gníomhaíochtaí tástála agus píolótacha sa tréimhse 2021-2026. Tar éis tástáil rathúil a dhéanamh i dtimpeallacht saotharlainne, déanfar an córas nua raidió-bhunaithe a thástáil faoi dhálaí réalaiócha ar raon tástála, sula n-imscarfar é ar threoirrián le haghaidh trácht traenacha tráchtála, ina n-úsáidfeadh an córas nuafhorbartha mar chóras rialaithe traenach aonair. Faoi dheireadh 2027, sa chéim dheiridh den chéim forbartha agus fíoraithe, táthar ag súil go ndéanfar córas ERTMS a thástáil ar rian píolótach tráchtála i gcás ina n-úsáidtear an córas nua mar an córas aonair rialaithe traenach. Ó 2028 ar aghaidh, i.e. tar éis na tacaíochta ón tSaoráid, tá sé beartaithe DigiRail agus ERTMS a rolladh amach ar fud ghréasán na Fionlainne ar fad.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

F.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Sprioc	Q	Bliain	
55	P2C1I1- An nascacht dhigiteach — Cáilíocht agus infhaighteacht na líonraí cumarsáide a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm leasuithe reachtacha ar an reachtaíocht maidir le cabhair leathanbhanda	Forálacha sna leasuithe ar an reachtaíocht maidir le cabhair leathanbhanda lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C4	2022	Tháinig na hathruithe riachtanacha ar reachtaíocht na reachtaíochta maidir le cúnaimh leathanbhanda i bhfeidhm. Leagfar síos leis an nGníomh um Thacaíocht Leathanbhanda na forálacha maidir leis na coinníollacha chun cistí a dheonú agus a eisíoc, amhail réimsí spriocdhírthe, agus maidir leis an údarás tacaíochta inniúil agus a chúraimí. Cuirfear san áireamh ann aon leasú is gá mar gheall ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine leasaithe, lena n-áirítear nuashonrú foraithe rialtais leis na luasanna íosta le haghaidh na nasc incháilithe.
56	P2C1I1- An nascacht dhigiteach — Cáilíocht agus infhaighteacht na líonraí cumarsáide a fhorbairt	Sprioc	Teaghaisí breise a bhfuil rochtain acu ar nascacht leathanbhanda thapa (100/100 Mbit/s)		Uimhir	0	6 400	R2	2024	Tá rochtain faighte ag 6400 teaghaisí nua ar a laghad ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit/s), i gcomparáid leis an mbonnlíne roimh thús an chláir, a raibh nasc níos moille acu nó nach raibh aon nasc acu ar chor ar bith ag tús an chláir tacaíochta ('bailte a ritheadh'). Áirítear leis sin teaghaisí príobháideacha, gnólachtaí nó tithe saoire.
57	P2C1I1- An nascacht dhigiteach — Cáilíocht agus infhaighteacht na líonraí cumarsáide a fhorbairt	Sprioc	Teaghaisí breise a bhfuil rochtain acu ar nascacht leathanbhanda thapa (100/100 Mbit/s)		Uimhir	6 400	16 000	R2	2026	Tá rochtain faighte ag 16000 teaghaisí nua ar a laghad ar leathanbhanda ardluais (100/100 Mbit/s), i gcomparáid leis an mbonnlíne roimh thús an chláir, a raibh nasc níos moille acu nó nach raibh aon nasc acu ar chor ar bith ag tús an chláir tacaíochta ('bailte a ritheadh'). Áirítear leis sin teaghaisí príobháideacha, gnólachtaí nó tithe saoire.
58	P2C1I2 — Iompar agus úsáid talún — tionscadal DigiRail	Garsprioc	Tá saotharlann tástála maidir le trealamh samhaltaithe le haghaidh an chomhchórais Eorpaigh um chosaint traenacha uathoibríoch (ERTMS) oibríochtúil	Bunaíodh an tsaotharlann tástála san Ionad Oiliúna Iarnróid, Kouvola, agus tá sí ar fáil chun na tástálacha ionsamhlúcháin fíorúla a reáchtáil.				C4	2022	Is príomhghné de shábháilteacht iarnróid é an córas cosanta traenach uathoibríoch. Cuirfear tús leis an obair forbartha trí bhithin measúnuithe tionchair a dhéanfaidh an tsaotharlann tástála sular féidir an chéim forbartha a aistriú go tástálacha faoi dhálaí réalaíochta.
59	P2C1I2 — Iompar agus úsáid talún — tionscadal DigiRail	Sprioc	Raon tástála atá feistithe le ERTMS atá bunaithe ar raidió (níl sé i dtrácht iarnróid)		Ciliméadair	0	50	C4	2024	Beidh an raon tástála suite idir Kouvola-Kotka/Hamina. Beidh 50 km ar a laghad den rian (nach bhfuil i dtrácht iarnróid tráchtála) feistithe le ERTMS atá bunaithe ar raidió. Cuirfear an tsonraíocht theicniúil faoi bhráid an údaráis náisiúnta sábháilteachta iarnróid (Traficom) lena formheas nuair a bheidh sí críochnaithe. Leis an raon tástála bunaithe beifear in ann an córas nua cosanta traenacha uile-Eorpach raidió-bhunaithe (ERTMS) a thástáil faoi dhálaí

			tráchtála)							réalaíocha leis an trealamh ceart.
60	P2C1I2 — Iompar agus úsáid talún — tionscadal DigiRail	Sprioc	Rian píolótach tráchtála atá feistithe le ERTMS		Ciliméadair	0	30	R2	2026	Soláthraíodh córas ERTMS ar rian píolótach tráchtála de réir nósanna imeachta ERA (Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh) (Ionad Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh). Go bhfuil 30 ciliméadar ar a laghad den rian feistithe le ERTMS atá bunaithe ar raidió.

G. COMHPHÁIRT P2C2: DLÚS A CHUR LEIS AN NGEILLEAGAR SONRAÍ AGUS LEIS AN DIGITIÚ

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Áirítear sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne athchóirithe agus infheistíochtaí a thacóidh leis an digitiú san Fhionlainn trí nuálaíocht sonraibhunnaithe, malartú faisnéise digítí agus úsáid shonraí na hearnála poiblí a éascú agus trí thaighde a chothú i bpríomhtheicneolaíochtaí chun iomaíochas na Fionlainne a mhéadú. Trí idir-inoibritheacht na sonraí a mhéadú le haghaidh úsáid ilpháirtithe leasmhara, tá sé d'aidhm ag an bhFionlainn leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an chlaochlaithe dhigitigh. Chuige sin, ní mór caighdeánú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise digítí lena gcumhdaítear gnólachtaí agus an earnáil phoiblí araon. Áirítear sa chomhpháirt freisin córas stórais a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Trí chumhdach an chórais faisnéise maoinne cónaithe agus tráchtála a leathnú le faisnéis faoi iasachtaí cuideachtaí tithíochta, rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha chun an faireachán ar fhiachas teaghlaigh a neartú agus chun córas na clárlann creidmheasa (Moladh Tírshonrach 4 2019) a bhunú, chomh maith le hinfheistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht (Moladh Tírshonrach 3 2020 agus Moladh Tírshonrach 3 2019).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

Infheistíocht 1 (P2C2I1): An geilleagar digiteach — Clár um an ngeilleagar fíor-ama (RTE)

Is é is aidhm don infheistíocht cuidiú le réitigh agus struchtúir choiteanna a chruthú chun malartú sonraí airgeadais digiteacha a éascú idir eagraíochtaí i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite (amhail ríomhshonraise, ríomh-admhálacha, doiciméid soláthair agus ráitis airgeadais), i gcomhréir leis an bhfís de ‘gheilleagar fíor-ama’. Tacóidh malartú sonraí airgeadais struchtúrtha le huathoibriú próiseas a bhfuil tionchar dearfach acu ar tháirgiúlacht san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus digitiú an rialtais agus na sochaí ina hiomláine á cur chun cinn ag an am céanna. Faoi stiúradh na hAireachta Fostaíochta agus Geilleagair, beidh cur chun feidhme an tionscadail faoi fhreagracht an Bhoird Náisiúnta Paitinní agus Clárúcháin i gcomhar leis an Riarachán Cánach agus leis an Stáitchiste Stáit.

Leis an infheistíocht, beifear in ann faisnéis a roinnt idir gnólachtaí, idir gnólachtaí agus údarais phoiblí, agus laistigh den earnáil phoiblí, bunaithe ar an bprionsabal ‘Aonuaire’. Go háirithe, cumhdóidh an infheistíocht na heilimintí seo a leanas:

- i) “éiceachóras don gheilleagar fíor-ama” a bhunú, a fhorbrófar i gcomhar poiblí príobháideach. Úsáidfear an tacaíocht airgeadais chun éiceachóras inmharthana íosta (MVE) a chruthú, i.e. leagan táirgthe den ardán digiteach bunúsach agus réitigh bhonneagair/bogearraí ghaolmhara, faoi dheireadh 2022, a bheidh in ann ríomhshonraise ar a laghad a tharchur;
- ii) bonneagar digiteach a chruthú le feidhmiú ag deireadh 2024, lena bhféadfar sonraí airgeadais cuideachta amhail ríomhadálacha, ríomhshonraise agus teachtaireachtaí soláthair a chomhroinnt, a fháil agus a úsáid i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla ábhartha a bhaineann le cosaint sonraí agus príobháideachas. Beidh na saintréithe seo a leanas ar a laghad sa bhonneagar digiteach:
 - Réitigh chomhéadain choiteanna chun sonraí airgeadais a chomhroinnt i bhfoirm struchtúrtha
 - Formáid chaighdeánaithe mheaisín-inléite do dhoiciméid ghnó leictreonacha.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2024.

Infheistíocht 2 (P2C2I2): Dlús a chur leis an ngeilleagar sonraí agus leis an digitiú — An Fhionlainn Fhíorúil

Cuirfidh ardán seirbhíse Fíorúil na Fionlainne feabhas ar iomaíochas na Fionlainne, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann seirbhísí digiteacha gan uaim a sholáthar ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach do spriocghrúpaí éagsúla a thagann go dtí an Fhionlainn, ag tosú ó fhostaithe a théann ar imirce go dtí an Fhionlainn. Leis an infheistíocht, déanfar coincheap na seirbhíse a athnuachan agus déanfar an chéad seirbhís a chomhtháthú san ardán agus soláthrófar an deis seirbhísí eile a láimhseáiltear ar leithligh faoi láthair in aireachtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla a chomhtháthú in eintiteas atá áisiúil don úsáideoir.

Is é is aidhm don infheistíocht comhéadan aonair seirbhíse a thairiscint do spriocghrúpaí éagsúla ar mhaithe leo cónaí san Fhionlainn, ag tosú le fostaithe. Cumhdaítear leis an infheistíocht digitiú na seirbhísí, a éilíonn láithreach inmheánach san Fhionlainn faoi láthair. Táthar ag súil go gcumhdóidh raon feidhme an ardáin seirbhíse seirbhísí poiblí (amhail céannacht dhigiteach, cónaitheacht leictreonach, nó clárú paitinní) agus go soláthrófar an fhéidearthacht ann tacú le seirbhísí príobháideacha (lena n-áirítear árachas tráchtála, baincéireacht, cuntasáíocht, seirbhísí airgeadais, dlíthiúla agus seirbhísí eile).

Sa chéad chéim (2021-2022), déanfaidh Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Fionlainne (MFA) an obair forbartha a chomhordú. Le linn na chéad chéime, déanfar samhail bhainistíochta níos buaine do na chéad chéimeanna forbartha eile agus don chéad chéim táirgthe eile a phleanáil agus a shainiú. Beidh MFA, an Aireacht Airgeadais, an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíochta, aireachtaí eile, Riarachán Cánach na Fionlainne, Gníomhaireacht na Seirbhísí Sonraí Digiteacha agus Daonra, Ciste Nuálaíochta na Fionlainne, Gníomhaireacht um Paitinní agus Clárú, Seirbhís Inimirce na Fionlainne agus gníomhaireachtaí eile, b'fhéidir, i gceist leis an gcur chun feidhme.

Cumhdóidh an beart na heilimintí seo a leanas:

- Faoin 31 Nollaig 2022, beidh an chéad leagan táirgthe d'ardán 'Virtual Finland' ar fáil, lena dtacófar ar a laghad leis an bhfeidhmiúlacht seo a leanas: céannacht duine agus céannacht dhigiteach, comhroinnt iontaofa sonraí idir na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an ardán.
- Faoin 31 Nollaig 2025, tacóidh ardán fíorúil na Fionlainne go hiomlán le próiseas seirbhíse amháin ar a laghad, go háirithe an próiseas iontrála do dhuine príobháideach neamh-Fionlannach.
- Táthar ag súil go ndéanfaidh ardán Fíorúil na Fionlainne seirbhísí do spriocghrúpaí breise a chomhtháthú i ndiaidh a chéile (mic léinn ardoideachais, cuideachtaí neamhliostaithe, oibrithe séasúracha, turasóirí, cuideachtaí easpórtála).

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (P2C2I3): Dlús a chur le heochairtheicneolaíochtaí (micrileictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach)

Is é is cuspóir don bheart taighde feidhmeach a chistiú agus teicneolaíochtaí nua a chur in úsáid, chun iomaíochas, slándáil faisnéise agus ceannasacht na hEorpa a chosaint. Cuirfear cistiú ar fáil do ghníomhaíochtaí náisiúnta TFN a fheidhmítear agus don bhonneagar a thacaíonn leo, i.e. timpeallachtaí tástála agus turgnamhaíochta, a bheidh bainteach leis an micrileictreonaic, le teicneolaíochtaí 5G/6G, leis an intleacht shaorga nó le teicneolaíocht chandamach. Cuirfear cistiú ar fáil trí ionstraimí maoinithe iomaíochta Business Finland. Roghnófar tionscadail bunaithe ar ghlaonna oscailte agus áiritheofar leis na critéir roghnúcháin rannchuidiú digiteach na dtionscadal agus a mhéid a chomhlíonann siad an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Go háirithe, tacóidh an beart leis na teicneolaíochtaí seo a leanas:

- An mhicrileictreonaic: Is é is aidhm don infheistíocht slabhra luacha an táirgthe leathsheoltóra a dhaingniú chun neamhspleáchas na heochairtheicneolaíochta sin a mhéadú. Cuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil chun dlús a chur le hinfeistíochtaí cuideachtaí Fionlannacha agus iad a mhéadú i bhforbairt slabhra luacha táirgeachta na micrileictreonaice, chun cur leis an gcumas comhpháirteanna leathsheoltóra a dhearadh agus a mhonarú san Fhionlainn agus san Aontas trína chur ar chumas cuideachtaí Fionlannacha páirt a ghlacadh sa Tionscadal Tábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh micrileictreonaice.
- 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach: Tabharfar tacaíocht airgeadais d'infheistíochtaí i bhforbairt 6G, na hintleachta saorga agus na ríomhaireachta candamaí, a mheastar a bheith tábhachtach don iomaíochas teicneolaíoch amach anseo. Is é an cuspóir atá ann timpeallachtaí forbartha iomaíochta a chruthú don intleacht shaorga, don teicneolaíocht teiléachumarsáide a bheidh ann amach anseo agus do chur i bhfeidhm na ríomhaireachta candamaí san Fhionlainn, chun páirt a ghlacadh, mar shampla, i saoráidí tástála agus turgnamhaíochta Eorpacha a chruthú le haghaidh na hintleachta saorga (IS TEF), chun an líonra tástála 5G náisiúnta agus a shamhail oibríochta a athnuachan, agus chun timpeallacht forbartha a chruthú do na bogearraí is gá sa ríomhaireacht chandamach.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Athchóiriú 1 (P2C2R1): An córas faisnéise maoiné cónaithe agus tráchtála a fhorbairt

Is é cuspóir an bhirt feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí sa mhargadh tithíochta chomh maith le hiomaíocht san earnáil tithíochta agus faisnéis a chur ar fáil maidir le bail airgeadais agus teicniúil agus riachtanais deisiúcháin le haghaidh maoiné cónaithe agus tráchtála. Faoi láthair, níl aon chlár lárnach ann le haghaidh iasachtaí ó chuideachtaí tithíochta; ina ionad sin, ní chuirtear sonraí isteach ach amháin i gcuntais cuideachtaí tithíochta. Príomhchoinníoll chun clár creidmheasa deimhneach a chruthú is ea córas faisnéise maoiné cónaithe agus tráchtála den sórt sin a fhorbairt, rud a fhágann gur féidir caitheamh níos cothroime le tomhaltóirí i gcásanna ina ndeonaítear creidmheas.

Tacóidh an infheistíocht le forbairt an chórais faisnéise faoi mhaoin chónaithe agus faoi mhaoin tráchtála, chun faisnéis a bhailiú maidir le bail airgeadais agus teicniúil agus riachtanais deisiúcháin, i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha maidir le cosaint sonraí. Déanfar faisnéis maidir le hiasachtaí cuideachta tithíochta a tharchur chuig clár na sonraí creidmheasa deimhneacha, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar rófhéichiúnas príobháideach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Athchóiriú 2 (P2C2R2): Éifeachtacht agus trédhearcacht athchóirithe agus infheistíochtaí RRP a fheabhsú trí chórais faisnéise, riarachán agus iniúchadh a fhorbairt

Chun freagairt do riachtanais shonracha phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne maidir le comhordú, bainistiú, rialú, tuairisciú agus iniúcháireacht, déanfar ról agus freagrachtaí údarais ábhartha na Fionlainne a chumhdach in ionstraim dlí nua. Chun na cúraimí sin a chur chun feidhme go rathúil, tá gá freisin le hinfeistíochtaí sealadacha spriocdhírthe breise chun feidhmiú an chórais bainistíochta agus rialaithe a áirithiú, i gcomhréir le riachtanais rialála. Áireofar leis sin inter alia na hacmhainní riaracháin is gá a chur ar bun agus córas stórais TF a chruthú.

Tá sé d'aidhm ag an mbeart freisin cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais agus comhlíonadh rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme san Fhionlainn a áirithiú. Chun na críche sin, tiocfaidh Foraithe atá ceangailteach ar na comhlachtaí cur chun feidhme uile i bhfeidhm lena leagfar síos íoschaighdeán le haghaidh na ngníomhaíochtaí bainistithe agus rialaithe riosca a dhéanann siad faoi RRF. Ina theannta sin, eiseoidh an comhlacht comhordúcháin treoirilínte maidir le nósanna imeachta bainistithe riosca leordhóthanacha chun tacú le RRF ina n-áireofar, inter alia, nósanna imeachta chun rialuithe agus iniúchtaí a dhéanamh i gcomhréir le rialacha náisiúnta agus rialacha an Aontais is infheidhme, nósanna imeachta maidir le bainistiú riosca iomchuí, nósanna imeachta chun coinbhleachtaí leasa a fhíorú agus nósanna imeachta chun cistiú dúbailte ón

tSaoráid agus ó chláir eile de chuid an Aontais a fhíorú. Leagfar amach sna treoirlínte riosca bearta soiléire cuimsitheacha a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí a leagtar amach sna treoirlínte. Comhlíonfar garsprioc 72bis faoin mbeart seo faoin tráth a chuirfear an chéad iarraidh eile ar íocaíocht faoi bhráid an Choimisiúin tar éis ghlacadh an Chinnidh Cur Chun Feidhme seo agus beidh sí ina réamhriachtanas d'aon íocaíocht amach anseo.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 31 Márta 2024.

G.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir	Beart	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla le haghaidh spriocanna			Amlíne thásach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Sprioc	Q	Bliain	
61	P2C2I1 — An geilleagar digiteach — Clár an gheilleagair fhíor-ama (RTE)	Garsprioc	Cruthaítear Éiceachóras Inmharthana Íosta agus cuirtear i bhfeidhm é	Cruthaíodh éiceachóras inmharthana íosta, mar a léirítear le foilsiú na rialacha agus na gcaighdeán doiciméadaithe coiteann ar shuíomh gréasáin an Chláir				C4	2022	Bunaíodh an tÉiceachóras Íosta Inmharthana (MVE) go rathúil i dtimpeallacht táirgthe, bunaithe ar rialacha doiciméadaithe comhchoiteanna. Fágann sé gur féidir ríomhshonraisc a chur i gcúrsaíocht i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite chun uathobriú an phróisis a mhéadú.
62	P2C2I1 — An geilleagar digiteach — Clár an gheilleagair fhíor-ama (RTE)	Garsprioc	Tá malartú faisnéise gnó digiti faoi struchtúr iomlán oibríochtúil	Go bhfoirseofar an tuarascáil chríochnaitheach ar an tionscadal, ina léirítear go bhfuil malartú faisnéise gnó digiti atá struchtúraithe ó bheith go hiomlán oibríochtúil,				C4	2024	Sainíodh na caighdeáin agus na nósanna imeachta maidir le faisnéis ghnó leictreonach a mhalartú agus déantar cur síos orthu sa tuarascáil chríochnaitheach ar an tionscadal. Leis an mbonneagar bunúsach, is féidir faisnéis ghnó dhigiteach a scaipeadh i bhfoirm struchtúrtha, bunaithe ar thoilú an úsáideora deiridh, lena gcumhdaítear na heilimintí seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> - ríomhshonraisc - ríomh-admhálacha - Teachtaireachtaí soláthair Tá tástáil phiolótach chun faisnéis ghnó dhigiteach a chomhroinnt curtha i gcrích go rathúil le dhá oibreoir phríobháideacha ar a laghad (díoltóirí bogearraí cuntasáiochta agus/nó soláthraithe seirbhíse) agus dhá eintiteas phoiblí.
63	P2C2I2 — An geilleagar sonraí agus an digitiú a luathú — An Fhionlainn Fhíorúil	Garsprioc	Tá ardán comhpháirteach agus seirbhísi comhtháite fíorúla na Fionlainne oibríochtúil	Fíoraítear sa tuarascáil deiridh tionscadail go bhfuil an leagan táirgthe den ardán comhpháirteach curtha i gcrích, go gcuireann sé na cumais riachtanacha ar fáil agus go dtacaíonn sé le próiseas seirbhíse amháin ar a laghad atá				C4	2025	Tá an leagan táirgthe den ardán comhpháirteach curtha i gcrích agus tá sé ar fáil do gach custaiméir san Fhionlainn agus go hidirnáisiúnta. Soláthróidh an tionscadal coincheap foriomlán, ailtireacht inscálaithe agus bailíochtú praiticiúil (cruthúnas coincheapa). Tá sé sin de dhíth ar an bhFionlainn chun ardán a thógáil ina mbeidh seirbhísi digiteacha ábhartha le haghaidh margadh idirnáisiúnta agus ionad cruinnithe le haghaidh cuideachtaí Fionlannacha agus cuideachtaí eachtracha, cuideachtaí fais, saineolaithe agus infheisteoirí imirceacha, agus déanfar na seirbhísi digiteacha ábhartha a bhfuil gá leo dóibh a chomhtháthú isteach ann. Tacóidh sé leis an bhfeidhmiúlacht seo a leanas ar a laghad: duine agus úsáideoir gnó (aitheantas digiteach), agus comhroinnt iontaofa sonraí idir na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an ardán a shaináthint.

Uimhir	Beart	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla le haghaidh spriocanna			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
				comhtháite go hiomlán san ardán						<p>Cuirfidh an t-ardán acmhainní ar fáil do ghníomhaireachtaí san earnáil phoiblí, do chuideachtaí agus do bhardais úsáid a bhaint as feidhmiúlachtaí dá bpróisis féin.</p> <p>Rinneadh seirbhís amháin ar a laghad a chomhtháthú, maidir leis an bpróiseas iontrála do dhaoine aonair eachtracha.</p> <p>Tá a sheirbhísí féin, seirbhísí atá ann cheana nó sonraí trí chomhéadain nasctha ag gach eintiteas atá páirteach i seachadadh an phróisis seirbhíse comhtháite mar chuid de phróiseas coiteann seirbhíse digítí do chustaiméirí ar an ardán ‘Fionlann Fhíorúil’.</p>
64	P2C2I3 — Dlús a chur le heochairtheicneolaíochtaí (micrileictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach)	Sprioc	Bronntar tionscadail mhicrileictreonaice		Uimhir	0	2	C4	2022	Fógra a thabhairt maidir le dhá chinneadh maoiniúcháin ar a laghad a bheith á mbronnadh ag Business Finland. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta. Le roghnú na dtionscadal, déanfar measúnú ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí TFN agus ar an gcaoi a gcuireann siad an digitiú chun cinn. Áireofar sna critéir roghnúcháin cáilíocht agus oiriúnacht an tionscadail, tionchair dhíreacha agus indíreacha ghnó an tionscadail amach anseo, oiriúnacht an tionscadail do chroí-smaoineamh IPCEI agus straitéisí náisiúnta agus AE, agus cáilíocht chuibhreannas an tionscadail.
65	P2C2I3 — Dlús a chur le heochairtheicneolaíochtaí (micrileictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach)	Garsprioc	Gach tionscadal roghnaithe a chur i gcrích	Tuarascáil deiridh ar thionscadail atá curtha i gcrích				C4	2025	Na tionscadail go léir a dtacaítear leo a chur i gcrích, arna fhiánu le réamhthuarascálacha tionscadail arna gcur isteach ag tairbhíthe an tionscadail, i gcomhréir leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin a leagtar amach sna doiciméid iarratais. EUR 13500000 ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a gheallfar.
66	P2C2I3 — Dlús a chur le heochairtheicneolaíochtaí (micrileictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach)	Garsprioc	Bronntar tionscadail a fhorbraíonn 6G, IS agus ríomhaireacht chandamach	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain do thionscadail a bhfuil 6G, IS agus ríomhaireacht chandamach á bhforbairt acu				C4	2022	Faoi chuimsiú glao oscailte ar thionscadail ina ndéanann cuideachtaí agus institiúidí taighde timpeallachtaí tástála agus tástála a fhorbairt agus a úsáid, roghnóidh Business Finland na tionscadail a mhaoineofar de réir chritéir an ghla. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiaimh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta. Áireofar sna critéir roghnúcháin cáilíocht agus oiriúnacht

Uimhir	Beart	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla le haghaidh spriocanna			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
										an tionscadail, tionchair dhíreacha agus indíreacha ghnó an tionscadail amach anseo, oiriúnacht na dtionscadal le haghaidh straitéisí náisiúnta agus straitéisí de chuid an Aontais, agus cáilíocht chuibhreas an tionscadail. Le roghnú na dtionscadal, déantar measúnú ar cháilíocht agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí TFN agus ar an gcaoi a gcuireann siad an digitiú chun cinn.
67	P2C2I3 — Dlús a chur le heochairtheicneolaíochtaí (micrileictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach)	Garsprioc	Gach tionscadal roghnaithe a chur i gcrích	Tuarascáil deiridh ar thionscadail atá curtha i gcrích				C4	2025	Gach tionscadal a dtacaítear leo a chur i gcrích, arna fhiánu le réamhthuarascálacha tionscadail arna dtíolacadh ag tairbhíthe tionscadail, i gcomhréir leis na critéir incháilítheachta/roghnúcháin a leagtar amach sa ghlaó ar thionscadail. EUR 9000000 ar a laghad a bheidh sa bhuiséad iomlán a gheallfar.
68	P2C2R1 — Forbairt an chórais faisnéise maoiné cónaithe agus tráchtála	Garsprioc	Reachtaíocht a ghlacadh maidir le síneadh a chur le cumhdach an chórais faisnéise maoiné cónaithe agus tráchtála	Glacann an Pharlaimint na leasuithe ar an Acht ar an gCóras Faisnéise maidir le Maoín Chónaithe agus Tráchtála agus ar Acht na gCuideachtaí Tithíochta Teoranta				R2	2023	Chun cumhdach an chórais faisnéise tithíochta a leathnú chuig faisnéis faoi chuideachtaí tithíochta, leasófar an tAcht ar an gCóras Faisnéise maidir le Maoín Chónaithe agus Tráchtála agus Acht na gCuideachtaí Tithíochta Dlíteanais Teoranta. Go háirithe, cumhdófar na nithe seo a leanas leis na leasuithe: —oibleagáid ar chuideachtaí tithíochta sonraí bunúsacha a chur ar fáil i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite; an ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí a chuirtear ar fáil i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite.
69	P2C2R1 — Forbairt an chórais faisnéise maoiné cónaithe agus tráchtála	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le cumhdach an chórais faisnéise maoiné cónaithe agus maoiné tráchtála a leathnú	Forálacha leasaithe a ghabhann leis an Acht maidir leis an gCóras Faisnéise maidir le Maoín Chónaithe agus Tráchtála agus maidir le hAcht na gCuideachtaí Tithíochta faoi Dhlíteanas Teoranta lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				R2	2025	Chun cumhdach an chórais faisnéise tithíochta a leathnú chuig faisnéis faoi chuideachtaí tithíochta, leasófar an tAcht ar an gCóras Faisnéise maidir le Maoín Chónaithe agus Tráchtála agus Acht na gCuideachtaí Tithíochta Dlíteanais Teoranta. Go háirithe, cumhdófar na nithe seo a leanas leis na leasuithe: an oibleagáid atá ar chuideachtaí tithíochta sonraí bunúsacha a chur ar fáil i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite; an ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí a chuirtear ar fáil i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite. Is iad na príomhghnéithe a theastaíonn chun na forálacha a chur i bhfeidhm ná sonraíochtaí sonraí agus comhéadain sonraí.
70	P2C2R1 — Forbairt an chórais faisnéise maoiné	Garsprioc	Tá leathnú chumhdach an	Tuarascáil deiridh maidir le cur i				R2	2026	Faoin tionscadal a rinne an Aireacht Talmhaíochta agus Foraoiseachta agus an Suirbhé Náisiúnta Talún, tarraingeofar suas

Uimhir	Beart	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla le haghaidh spriocanna			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
	cónaithe agus tráchtála		chórais faisnéise maoinne cónaithe agus tráchtála curtha chun feidhme go teicniúil.	gcrích an tionscadail						sonraíochtaí sonraí le haghaidh sonraí cuideachtaí tithíochta, an fhéidearthacht sonraí bunúsacha a choinneáil (lena n-áirítear iasachtaí cuideachtaí tithíochta, deisiúcháin agus athruithe) sa chóras faisnéise maoinne cónaithe agus tráchtála, agus comheadain leis an gcumarsáid. Beidh an deis ag custaiméirí an fhaisnéis faoi chuideachtaí tithíochta a cheanglaítear leis an dlí a fháil i bhformáid mheaisín-inléite. Saineofar nósanna imeachta coiteanna chun rochtain a fháil ar fhaisnéis riaracháin faoi chuideachtaí tithíochta agus leis an gcóras faisnéise faoi mhaoín chónaithe agus tráchtála, is féidir rochtain a fháil ar fhaisnéis riaracháin cuideachtaí tithíochta i bhformáid struchtúrtha mheaisín-inléite.
71	P2C2R2 — Feabhas a chur ar éifeachtacht agus trédhearcacht athchóirithe agus infheistíochtaí RRP trí chórais faisnéise, riarachán agus iniúchadh a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta	Foráil sa Dlí maidir le cur chun feidhme an RRP lena léirítear a teacht i bhfeidhm				C4	2021	Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Bunófar leis an Dlí na sainorduithe dlíthiúla do na comhlachtaí a bhfuil baint acu le comhordú, faireachán, rialú agus iniúchadh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne. Leagfar amach sa Dlí, ar a laghad, ról agus freagrachtaí na gcomhlachtaí sin lena n-áirítear an méid seo a leanas: bailiú agus iontaofacht sonraí atá nasctha le garspriocanna agus spriocanna agus faireachán ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna; go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe bainistíochta, achoimrí iniúchóireachta agus iarrataí ar íocaíocht a tharraingt suas; (c) go bhfuil na prionsabail is gá mar bhonn le bailiú agus stóráil sonraí maidir le tairbhíthe, conraitheoirí, fochonraitheoirí agus úinéirí tairbhiúla i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm. Tiocfaidh an dlí i bhfeidhm sula dtíolacfar an chéad iarraidh ar íocaíocht faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta.
72	P2C2R2 — Feabhas a chur ar éifeachtacht agus trédhearcacht athchóirithe agus infheistíochtaí RRP trí chórais faisnéise, riarachán agus iniúchadh	Garsprioc	Córas Stórais um Iniúchadh agus Rialú: faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF	Tuascáil iniúchóireachta arna hullmhú ag an bhfeidhm iniúchóireachta lena ndeimhnítear feidhmiúlachtaí an				C4	2021	Beidh córas lárstórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na saoráide téarnaimh agus athléimneachta i bhfeidhm agus beidh sé oibríochtúil sula dtíolacfar an chéad iarraidh ar íocaíocht. Beidh an córas bunaithe ar chórais atá ann cheana agus áireofar ann, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas: sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú

Uimhir	Beart	Garsprioc /Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla le haghaidh spriocanna			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
	a fhorbairt			chórais stóir						garspriocanna agus spriocanna; (b) rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d) (i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus a áirithiú.
72bis	P2C2R2: Éifeachtacht agus trédhearcacht athchóirithe agus infheistíochtaí RRP a fheabhsú trí chórais faisnéise, riarachán agus iniúchadh a fhorbairt	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm na Fhoraithe na hAireachta Airgeadais maidir le bainistiú riosca agus rialuithe chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus comhlíonadh reachtaíocht an Aontais agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme a áirithiú agus chun Treoirlínte an chomhlachta comhordúcháin do chomhlachtaí cur chun feidhme RRF a fhoilsiú.	Forálacha san fhoraithe maidir le bainistiú riosca agus rialuithe lena léirítear a theacht i bhfeidhm agus foilsiú Threoirlínte an chomhlachta comhordúcháin				C1	2024	<p>Tiocfaidh foraithe na hAireachta Airgeadais maidir le bainistiú riosca agus rialuithe chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i bhfeidhm. Beidh an fhoraithe ceangailteach ar na comhlachtaí cur chun feidhme uile agus soláthróidh sí íoschaighdeán le haghaidh na ngníomhaíochtaí bainistithe riosca agus rialaithe a dhéanann na comhlachtaí cur chun feidhme faoi RRF faoi seach.</p> <p>Ina theannta sin, eiseoidh an comhlacht comhordúcháin treoirlínte maidir le nósanna imeachta leordhóthanacha bainistithe riosca chun tacú le RRF, lena n-áireofar (i) measúnú a dhéanamh ar na príomhrioscaí, na príomhthosca agus na príomhchleachtais a bhaineann le calaois, coinbhleacht leasa agus éilliú agus lena n-áiríteofar go ndéanfar calaois agus éilliú a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach; (II) creat measúnaithe riosca calaoise, a chomhlíonfaidh an uirlis atá i gceangal leis an Nóta Treorach maidir le Measúnú Riosca Calaoise agus Bearta Frithchaloise Éifeachtacha Comhréireacha do CSIE 2014-2020, dá mbearta RRF faoi seach. Ina theannta sin, áireofar sna treoirlínte nósanna imeachta leordhóthanacha maidir le a) coinbhleachtaí leasa a fhíorú; b) fíoruithe ar mhaoiniú dúbailte; c) fíoruithe ar chomhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta; agus d) úsáid sonraí chun críoche calaois, éilliú, coinbhleacht leasa agus cistiú dúbailte a bhrath.</p>

H. COMHPHÁIRT P2C3: AN TSLÁNDÁIL DHIGITEACH

Is é is aidhm don chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne cabhrú le creat cuimsitheach a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna slándála cibearshlándála agus faisnéise, ar réamhriachtanas é le haghaidh aistriú digiteach rathúil. Trí chlár forbartha cibearshlándála, déanfaidh an Fhionlainn infheistíocht i scileanna cibearshlándála sibhialta. Tá sé mar aidhm ag an bhFionlainn freisin bearta frithsciúrtha airgid a threisiú trí chóras digiteach a chruthú lena n-áiríteofar malartú faisnéise níos fearr idir gníomhaithe éagsúla a bhfuil baint acu le cúraimí frithsciúrtha airgid, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon, i gcomhar leis na leasuithe reachtacha is gá.

Cuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholadh a Bhaineann go Sonrach le Tír Faoi Leith 4 2020 maidir le maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach an chreata frithsciúrtha airgid a áirithiú chomh maith le Moladh Tírshonrach 3 2020 maidir le hinfeistíochtaí a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe taighde agus nuálaíocht.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P2C3R1): Maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach ar chosc ar sciúradh airgid a áirithiú

130	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéimeanna orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasoireachta	Garsprioc	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ar thionscail TFN d'earnáil na turasoireachta	Foilsíú an ghlaio ar iarratais ó Business Finland				R2	2022	Seolfaidh Gnólachtaí an Fhionlainn an glao ar iarratais ar mhaoiniú forbartha taighde agus nuálaíochta d'earnáil na turasoireachta. Díreoidh na critéir roghnúcháin ar borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe agus faoin nuálaíocht in earnáil na turasoireachta. Díreofar an cistiú ar thionscail taighde, turgnamhaíochta agus forbartha a thacaíonn le tráchtálú ghnó agus nuálaíochtaí turasoireachta, mar shampla i dtéamaí an aistriú dhigitigh agus ghlaio, réamhaíocht agus réamhaisnéisiú, turasoireacht inbhuanaithe, turasoireacht fhíorúil agus tuiscint tomhaltóirí. Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta/roghnúcháin go ndíreofar leis an idirghabháil ar ghnéithe a bhaineann go díreach le digitíú gnó a chur chun cinn (de réir réimse idirghabhála 015 in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán RRF). Áiríteofar leis na critéir incháilitheachta freisin go gcomhlíonfaidh tionscail an Treoir Theicniúil 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiamh agus as an gceanglas maidir le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta.
131	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéimeanna orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasoireachta	Sprioc	Líon na n-eintiteas a fuair tacaíocht do thionscail turasoireachta TFN		Uimhir	0	14	R2	2025	Gheobhaidh 14 eintiteas (cuideachtaí) ar a laghad tacaíocht faoi na tionscail a roghnaítear faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i ngarsprioc 130, arna fhianú le tuarascálacha deiridh ar thionscail arna gcur isteach ag tairbhíthe tionscail.
132	P3C4I4 — An t-iomaíochas a neartú agus borradh a chur faoin bhfás in earnálacha a bhfuil tionchar ag géarchéimeanna orthu — Tacú le fás inbhuanaithe agus digiteach in earnáil na turasoireachta	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm áireamhán forbartha an loirg carbóin dhigitigh le haghaidh seirbhísí turasoireachta	Teacht i bhfeidhm áireamhán forbartha an loirg carbóin dhigitigh d'earnáil na turasoireachta				C4	2024	Teacht i bhfeidhm áireamhán an loirg carbóin dhigitigh nuafhorbartha le haghaidh seirbhísí turasoireachta. Beidh áireamhán an loirg carbóin dhigitigh ina dhlúthchuid den chlár Taisteal Inbhuanaithe na Fionlainne. Cuirfidh an uirlis seo ar chumas úsáideoirí tionchar aeráide na seirbhísí turasoireachta a thomhas, i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa straitéis turasoireachta náisiúnta agus i dTreochlár Digiteach Cuairt na Fionlainne don Turasoireacht. Ina theannta sin, foilseofar an t-ábhar oiliúna maidir le húsáid áireamhán an loirg

COLÚN 4: Infhaighteacht seirbhísí leasa shóisialaigh agus seirbhísí cúraim sláinte a fheabhsú agus cost-éifeachtúlacht a mhéadú

COMHÁBHAR P4C1 M: INFHAIGHTEACHT SEIRBHÍSÍ LEASA SHÓISIALAIGH AGUS SEIRBHÍSÍ CÚRAIM SLÁINTE A FHEABHSÚ AGUS COST-ÉIFEACHTÚLACHT A MHÉADÚ

Leis an gcomhchuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne, tugtar aghaidh ar roinnt dúshlán a bhaineann le hinfhaighteacht agus cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte. Tá rochtain ar sheirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte san Fhionlainn ilroinnte. Is dúshlán é ilroinnt an chórais seirbhíse agus a réiteach digiteach maidir leis na freagairtí is gá a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte agus shóisialta an daonra. Dá bhrí sin, is é cuspóir na comhpháirte sin rochtain ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta ar fud na tíre a fheabhsú agus an riaráiste i soláthar seirbhísí a bhaineann le paindéim COVID-19 a bhaint. Rannchuideoidh an chomhpháirt le cur chun feidhme athchóiriú na ráthaíochta cúraim seacht lá, arb é atá i gceist leis na teorainneacha ama do chúram neamhphráinneach i gcúram sláinte príomhúil a laghdú go seacht lá ón sprioc-am reatha trí mhí. Rannchuideoidh sé freisin leis an ráthaíocht cúraim bhunúsáigh a fheabhsú, neamhionannais a laghdú, ag díriú ar shainaithint níos luaithe agus ar chosc éifeachtach, agus le cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte agus sóisialta a neartú. Aidhm eile is ea dálaí oibre agus folláine oibríthe sláinte agus sóisialta a fheabhsú. Áirítear leis an gcomhchuid athchóiriú agus infheistíochtaí a threisiú a chéile go frithpháirteach. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le hullmhú an athchóirithe shóisialta agus cúraim sláinte. Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí leis an méid seo a leanas: (i) an ráthaíocht cúraim a chur chun feidhme (lena n-áirítear cúram meabhairshláinte) agus an riaráiste i soláthar seirbhísí a eascraíonn as paindéim COVID-19 a laghdú; (II) cosc agus sainathint luath riachtanas sóisialta agus sláinte a neartú mar chuid de chur chun feidhme na ráthaíochta cúraim; (III) an bonn eolais a neartú agus treoir a fheabhsú chun tacú le cost-éifeachtúlacht seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte; (IV) nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach i bhfoirm seirbhísí ráthaíochta cúraim; agus (v) córas faisnéise digití duinelárnach a thabhairt isteach in Åland.

Rannchuidíonn an chomhpháirt le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha maidir le cost-éifeachtúlacht seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte agus rochtain chomhionann orthu a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 1 2019) agus maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibríthe sláinte chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú agus rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus sláinte a fheabhsú (Moladh Sonrach ó thaobh Contae 1 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

M.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P4C1R1): An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim

Mar chuid den ullmhúchán don athchóiriú sóisialta agus cúraim sláinte, is é cuspóir an bhirt seo feabhas a chur ar inrochtaineacht seirbhísí sláinte agus sóisialta trí chur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn. Leis an athchóiriú sin, tabharfar tacaíocht do na gníomhaíochtaí seo a leanas: (i) an ráthaíocht chúraim a chur chun feidhme agus seachadadh seirbhísí a neartú; (II) cosc agus sainathint luath na riachtanas sóisialta agus cúraim sláinte a neartú agus (iii) an bonn eolais a neartú agus treoir a fheabhsú chun tacú le cost-éifeachtúlacht na réiteach digiteach cúraim shóisialta agus sláinte.

Táthar ag súil go dtiocfaidh an tAcht maidir le Cur Chun Feidhme Athchóiriú na Seirbhísí Sláinte, Sóisialta agus Tarrthála agus maidir le Teacht i bhFeidhm Reachtaíochta Gaolmhar i bhfeidhm an 1 Iúil 2021. Is éard atá i gceist leis an athchóiriú roinnt gníomhartha reachtacha a ghlacadh chun athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte san Fhionlainn, ar dá réir a bhunófar 22 limistéar leasa réigiúnaigh. Beidh na limistéir leasa freagrach as seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála a sholáthar. Beidh siad oibríochtúil faoin 1 Eanáir 2023.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2023.

Infheistíocht 1 (P4C111): Cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn agus an riaráiste seirbhíse de dheasca phaindéim COVID-19 a laghdú

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo an riaráiste i soláthar cóireálacha sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a laghdú.

Is éard atá sa bheart tacaíocht don mhéid seo a leanas: (i) próisis chúraim, athshlánaithe agus seirbhíse a chuíchóiriú agus cuir chuige nua agus níos éifeachtúla atá dírithe ar chustaiméirí, ildisciplíneach agus ilghairmiúil a thabhairt isteach; agus (ii) seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte a fhorbairt agus iad a dhéanamh níos inrochtana agus níos freagrúla do riachtanais daoine leochaileacha. Chun infhaighteacht seirbhísí bunúsacha a fheabhsú, ní mór samhlacha oibriúcháin a fhorbairt go córasach agus athrú buan a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Cuirfidh na tionscadail infhaighteacht seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte chun cinn trí úsáid a bhaint as samhlacha oibriúcháin nuálacha a mheastar a bheith éifeachtach, amhail treoir do chustaiméirí agus do sheirbhísí seirbhíse, coinní leighis ar an láthair, agus cianseirbhísí cúraim sláinte.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 2 (P4C112): Cosc agus sainathint luath fadhbanna sláinte a neartú

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo cineálacha cur chuige trasearnála nua a thabhairt isteach chun cuimsiú a chothú, sláinte agus folláine a chur chun cinn agus cosc agus sainathint luath a neartú mar bhealach chun cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.

Is éard atá sa bheart tacaíocht ar an leibhéal náisiúnta do na nithe seo a leanas: (i) iniúchtaí leasa; (II) anailís ar fholláine agus ar shláinte an duine; (III) uirlisí nua féinchúraim (lena n-áirítear modhanna chun meabhairshláinte a chur chun cinn) a fhéadfaí a úsáid go neamhspleách; agus (iv) seirbhísí tarchuir. Áirítear leis an mbeart freisin tacaíocht ar an leibhéal réigiúnach do bhainistiú comhtháite seirbhísí il-earnála, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus sláinte agus seirbhísí cultúrtha, spóirt agus seirbhísí a bhaineann leis an dúlra.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 3 (P4C113): An bonn eolais agus an chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a neartú chun éifeachtúlacht costais na seirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a mhéadú

Is é cuspóir na hinfeistíochta seo cáilíocht agus cost-éifeachtúlacht na seirbhísí sóisialta agus sláinte a mhéadú trí thaighde ar dhea-chleachtais a chur chun cinn agus trí fhaireachán éifeachtach agus modhanna anailise a fhorbairt.

Is éard atá sa bheart tacaíocht do na nithe seo a leanas: (i) bearta faireacháin a chur chun feidhme le haghaidh na ráthaíochta cúraim agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí faisnéise arna sainathint le linn ghéarchéim COVID-19; (II) neartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as faisnéis faoi chostais agus faoi chost-éifeachtúlacht i gcinnteoireacht shóisialta agus i gcinnteoireacht a bhaineann leis an tsláinte, i bpleanáil, i dtreoir agus i dtáirgeadh seirbhísí; (III) taighde a fhorbairt chun éifeachtúlacht an chórais shóisialta agus sláinte a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú, agus (iv) sásra measúnaithe tionchair agus modhanna oibre a fhorbairt chun tacú leis an gcinnteoireacht shóisialta san obair leantach ar ghéarchéim COVID-19.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 4 (P4C1I4): Nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin réitigh dhigiteacha a sholáthar chun tacú le forbairt seirbhísí sóisialta agus cúraim sláinte agus chun cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn.

Is é atá i gceist leis an mbeart réitigh dhigiteacha a sholáthar le haghaidh na nithe seo a leanas: (i) éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus rochtain ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear trí dhlús a chur le measúnú agus tarchur riachtanas cúraim, agus trí dhiagnóis, faireachán agus cóireáil níos iargúlta ar ghalair a chumasú; (II) tacú le fadhbanna a shainaithint go luath agus úsáid seirbhísí coisctheacha a mhéadú; (III) raon níos leithne seirbhísí ildisciplíneacha agus saineolais a roinnt idir réigiúin agus soláthraithe seirbhíse éagsúla, agus (iv) ról na gcustaiméirí a neartú agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí a mhéadú.

Forbróidh gníomhaithe náisiúnta agus réigiúnacha seirbhísí digiteacha a bheidh dírithe ar shaoránaigh, ar chórais ghairmiúla agus ar réitigh bhainistíochta.

Áirítear ar sheirbhísí na saoránach, ach gan a bheith teoranta dóibh, (I) réamhsheirbhís agus rochtain ar réitigh dhigiteacha (e.g. eolairí seirbhísí, measúnuithe ar chomharthaí, seirbhísí féinchúraim, áireamhain sochair), (II) féinchúram, láimhseáil (e.g. seirbhísí meabhairshláinte digití, seirbhísí iarchúraim agus faireacháin iarchúraim) agus (III) réitigh dhigiteacha ar sheirbhísí coisctheacha agus neamhthairsí.

Féadfar a áireamh ar chórais ghairmiúla (I) deighilt custaiméirí agus samhlacha seirbhíse digití a bhaineann go sonrach le deighleog ar leith bunaithe ar anailís ar shonraí custaiméirí; (II) réitigh nua bainistíochta gnó (e.g. socrúchán i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, pleanáil oibre agus barrfheabhsú cúraim baile), agus (III) réitigh dhigiteacha ar obair thrasghairmiúil (e.g. teileachomhairliúcháin, fáiltithe foirne).

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le réitigh bhainistíochta ardréitigh bainistithe eolais agus anailísíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Cumasóidh siad sin rialú níos fearr agus faireachán náisiúnta níos fearr ar phacáistí seirbhíse agus cuirfidh siad feabhas ar chost-éifeachtúlacht an chórais seirbhíse.

Agus seirbhísí digiteacha á bhforbairt, cuirfear san áireamh gur gá do dhaoine leochaileacha inrochtaineacht a áirithiú. Táthar ag súil freisin go dtacófar le tabhairt isteach na seirbhísí sin trí thuiscint custaiméirí a mhéadú maidir le húsáid na seirbhísí digiteacha chun tacú leis an tsláinte agus leis an bhfolláine.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

Infheistíocht 5 (P4C1I5): Córas faisnéise maidir le cúram sláinte digiteach duinelárnach a thabhairt isteach in Åland

Is é cuspóir na hinfeistíochta sin córas faisnéise cúraim sláinte nua-aimseartha a chruthú le haghaidh cúram sláinte agus leighis in Åland, ar cheart dó a bheith comhoiriúnach le riachtanais na seirbhísí sóisialta bardasacha agus na n-oibreoirí príobháideacha.

Is éard atá sa bheart tacaíocht do na nithe seo a leanas: (i) próisis atá dírithe ar an gcustaiméir a fhorbairt bunaithe ar riachtanais, luachanna agus roghanna othar; (II) seirbhísí digiteacha a fhorbairt lena gcumasaítear rannpháirtíocht othar; (III) struchtúir faisnéise agus próisis a fhorbairt mar bhonn chun forléargais othar agus plean comhordaithe cúraim a chruthú; (IV) plean cúraim comhordaithe a fhorbairt lena gcomhtháthófar pleananna cúraim na n-othar go léir sa chúram sóisialta agus sa chúram sláinte; (V) caighdeáin a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le malartú leictreonach sonraí agus córas taifead leighis lena bhféadfar cosc, diagnóis, cóireáil agus bainistiú drugaí a fheabhsú; (VI) seirbhísí faisnéise digití a fhorbairt lena dtacaítear le comhar idir aonaid cúraim sláinte agus imeachtaí eagraíochtúla, ar bhonn réigiúnach agus leis an gcóras náisiúnta cúraim

sláinte san Fhionlainn agus sa tSualainn araon, agus (vii) lena rannchuidítear le caighdeáin maidir le torthaí sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 31 Nollaig 2025.

M.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Sprioc	Q	Bliain	
133	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chéad chreata dhlíthiúil lena mbunaítear réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte agus tarrthála	Forálacha sna gníomhartha reachtacha lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C3	2021	Teacht i bhfeidhm na chéad sraithe de ghníomhartha reachtacha lena leagtar amach bunú réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> - 22 réimse leasa a bhunú, a bhfuil dualgais sláinte, shóisialta agus seirbhísí tarrthála de chúram orthu, ar réimsí iad a bhí roimh fhreagracht na mbardas agus na gcomhúdarás bardasach; - An fhreagracht dhlíthiúil as seirbhísí cúraim sláinte, seirbhísí leasa shóisialaigh agus tarrthála agus seirbhísí agus dualgais eile a eagrú i réimse an leasa a aistriú; - Seirbhísí tarrthála a eagrú laistigh de na réimsí leasa shóisialta mar earnáil ar leith a oibríonn i gcomhthráth leis an earnáil cúram sláinte agus leasa shóisialaigh.
134	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil bhreise lena gcuirtear i gcrích bunú na réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte agus tarrthála	Forálacha sna gníomhartha reachtacha breise lena léirítear a dteacht i bhfeidhm				C1	2023	Teacht i bhfeidhm an dara sraith de ghníomhartha reachtacha lena gcuirtear i gcrích bunú réimsí leasa agus athchóiriú na seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála, trí na nithe seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> - Rialacha rialachais, nósanna imeachta riaracháin agus struchtúir eagrúcháin na réimsí leasa a bhunú; - Oibriú ceantar ospidéal, ceantar cúraim speisialta, seirbhísí oibríthe sóisialta agus síceolaithe i leas na mac léinn a aistriú go dtí na limistéir leasa (beidh na limistéir leasa agus na bardais araon freagrach as sláinte agus folláine a chur chun cinn); - Pearsanra cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh agus a gcúraimí a aistriú ó bhordais agus ó chomhúdarais bhordasacha chuig fostaíocht na limistéir leasa shóisialta; - An sásra cistiúcháin a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí na réimsí leasa shóisialta ón rialtas láir agus ó tháillí arna mbailiú ó úsáideoirí seirbhísí. - Bord comhairleach a chruthú don chúram sláinte agus don leas sóisialach faoin Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh dualgais sláinte agus seirbhísí sóisialta agus chun tacú le treoir

Uimhir	Beart	Garsprio c/Sprio	Ainm	Táscáirí cáilíochtúla (le haghaidh garsprio canna)	Táscáirí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprio c agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
										agus treo náisiúnta an chúraim sláinte agus an leasa shóisialaigh.
135	P4C1R1 — An t-athchóiriú leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte a ullmhú chun tacú le cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim	Garsprio	Limistéir leasa réigiúnacha a oibríochtú agus é de chumas acu freagracht a ghlacadh as seirbhísí sóisialta, sláinte agus tarrthála a eagrú	Tuarascáil ón Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte ina ndeimhnítear go bhfuil na réimsí leasa réigiúnaigh ag feidhmiú agus réidh chun an t-athchóiriú ar leas sóisialach agus ar chúram sláinte a chur chun feidhme				R2	2023	Déanfar limistéir leasa réigiúnacha a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí sóisialta, cúraim sláinte agus tarrthála a eagrú a bhunú agus a oibriú, i gcomhréir leis an treochlár maidir le cur chun feidhme an athchóirithe ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta a phleanáil agus a ullmhú. Déanfaidh an Aireacht Gnóthaí Sóisialacha agus Sláinte scrúdú agus daingniú i dtuarascáil ar chur chun feidhme na mbeart is gá chun tacú le bunú na réimsí leasa. Cumhdófar leis sin na réimsí seo a leanas: 1) bainistíocht, 2) riarachán, 3) airgeadas agus 4) seirbhísí.
136	P4C1I1- Cur chun feidhme na ráthaíochta cúraim a chur chun cinn agus an riaráiste seirbhíse a laghdú i ngeall ar phaindéim COVID-19	Sprioc	Sciar na gcuariteanna cúraim neamhphráinneach a atá curtha i gcrích agus a shroicheann an teorainn ama 7 lá maidir le rochtain ar chúram		% (céatadán)	67	80	C4	2025	Tiocfaidh méadú ó 67 % (i mí Eanáir 2020) go 80 % ar sciar na gcuariteanna cúraim neamhphráinneach a bheidh curtha i gcrích agus a shroicheann an teorainn ama seacht lá maidir le rochtain ar chúram. Bainfear é sin amach trí chuir chuige oibríochtúla nua agus nuálacha a thabhairt isteach a bheidh dírithe ar chúram agus ar sheirbhísí níos tapúla, níos éifeachtúla agus níos dírithe ar chustaiméirí sna réigiúin. Forbrófar seirbhísí agus tacaíocht ionas go mbeidh rochtain níos éasca orthu agus go mbeidh siad níos freagrúla do riachtanais daoine leochaileacha.
137	P4C1I2 — Cosc agus sainaithint luath fadhbanna sláinte a neartú	Garsprio	Samhlacha comhtháite réigiúnacha um bainistiú seirbhíse ilearnála a fhorbairt agus a chur chun feidhme in 22 réimse leasa	Tuarascáil cur chun feidhme a fhoilsiú lena ndeimhnítear tabhairt isteach na samhlacha comhtháite réigiúnacha sna 22 réimse leasa				C4	2024	Déanfar samhlacha comhtháite réigiúnacha ilearnála bainistíochta seirbhíse (lena n-áirítear seirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte agus seirbhísí cultúrtha, spóirt agus seirbhísí a bhaineann leis an dúlra) a fhorbairt agus a chur chun feidhme sna 22 réimse leasa a bunaíodh mar chuid den athchóiriú ar leas sóisialta agus ar chúram sláinte. Deimhneoidh tuarascáil cur chun feidhme tabhairt isteach na samhlacha comhtháite réigiúnacha sna 22 limistéir leasa.
138	P4C1I3 — An bonn	Garsprio	Córas	Tugtar isteach				C4	2025	Cuirfear córas náisiúnta uasghrádaithe fíor-ama chun faireachán a

Uimhir	Beart	Garsprio c/Sprio	Aimn	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garsprioicanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioic agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Sprioc	Q	Bliain	
	eolais agus cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a neartú chun cost-éifeachtúlacht seirbhísí leasa shóisialaigh agus seirbhísí cúraim sláinte a mhéadú		monatóireachta fíor-ama náisiúnta ar an ráthaíocht chúraim a úsáidtear i ngach ionad sláinte	córas uasghrádaithe chun faireachán a dhéanamh ar an ráthaíocht cúraim i ngach ionad sláinte.						dhéanamh ar an ráthaíocht cúraim tríd an bpríomhchlárann cúraim chun feidhme i ngach ionad sláinte (i gcomparáid le 90 % de na hionaid in 2020).
139	P4C114 — Nuálaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leasa shóisialta agus cúraim sláinte	Sprioc	Méadú ar sciar an daonra a bhaineann úsáid as ríomhsheirbhísí leasa shóisialaigh agus cúraim sláinte		% (céatadán)	26	35	C4	2025	Méadóidh sciar an daonra (20 bliain d'aois agus os a chionn) a úsáideann ríomhsheirbhísí cúraim sláinte agus leasa shóisialaigh ó 26 % (bunlíne 2020) go 35 %. Déanfar modhanna digiteacha nua a fhorbairt i gcomhar idir na réimsí leasa agus na gníomhaithe náisiúnta (an Aireacht Gnóthaí Sóisialta agus Sláinte, an Institiúid Náisiúnta um Shláinte agus Leas, DigiFinland Oy, KELA) chun tacú le soláthar ráthaíochta cúraim i gcúram sóisialta agus sláinte. Áireofar leis sin ríomhsheirbhísí sláinte agus ríomhsóisialta iarbhir amhail coinní teileafóin, comhrá agus físeáin, seirbhísí tacaíochta piaraí idir othar agus othar, seirbhísí comhairle do chustaiméirí agus seirbhísí leictreonacha eile. Ina theannta sin, déanfar gníomhaíochtaí chun tacú le scileanna foirne cúraim shóisialta agus sláinte agus chun úsáid mhéadaithe réiteach digiteach a áirithiú.
140	P4C115 — Córas digiteach faisnéise cúraim sláinte atá dírithe ar an duine a thabhairt isteach in Åland	Sprioc	Sciar na seirbhísí bardasacha sóisialta agus sláinte agus/nó na bhfiontar cúraim phríobháidigh a ghlac an córas faisnéise sláinte		% (céatadán)	0	80	C4	2025	Is é cúram sláinte agus leighis Åland (Åhs) a fhorbróidh córas faisnéise cúraim le haghaidh cúram sláinte, seirbhísí sóisialta agus gníomhaithe príobháideacha. Beidh an córas oibríochtúil agus beidh sé in úsáid ag an gcóras cúraim sláinte poiblí ina iomláine agus ag 80 % de sheirbhísí sóisialta agus gníomhaithe príobháideacha na mbardas in Åland. Cumhdófar leis an gcóras doiciméadacht maidir le próisis chúraim, oidis leighis, cabhair le haghaidh cinntí leighis, taifid chliniciúla, atreorú chuig sainseirbhísí, leithdháileadh acmhainní ama, agus obair leantach ar cháilíocht bhunúsach agus ar tháirgeadh. Le linn an phróisis soláthair, féadfar sainchórais chúraim eile, mar shampla córais lóistíochta agus oibriúcháin, a cheangal leis an gcóras.

COLÚN 5. REPowerEU

N. COMHÁBHAR P5C1. REPowerEU

Cuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Is iad cuspóirí na comhpháirte úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus taighde agus forbairt le haghaidh an aistriú ghlais a mhéadú. Meastar go rannchuideoidh na cuspóirí sin go léir le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach, le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 chomh maith leis an sprioc sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite i meascán fuinnimh na Fionlainne a mhéadú. Tá gné nó éifeacht trasteorann nó iltíre ag gach ceann de na trí infheistíocht sa chaibidil REPowerEU. Go háirithe, rannchuidíonn an beart maidir le ‘Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan’ agus an beart maidir le ‘cumhacht gaoithe amach ón gcósta in Åland’ le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, agus leis an mbeart maidir le ‘T & F le haghaidh an aistriú ghlais’ rannchuidítear le forbairt scileanna glasa an fhórsa saothair san Aontas.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar Mholtaí Tírshonracha chun beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar thaighde agus nuálaíocht, aistriú ísealcharbóin agus fuinnimh (Moladh Tírshonrach 3 in 2019), infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glan agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil (Moladh 3 go Sonrach ó thaobh Tíre de in 2020), spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí dhlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe a thuilleadh, borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i ndícharbónú na hearnála tionsclaíochta (Moladh Sonrach Tíre 3 in 2022 agus Moladh Tírshonrach 4 in 2023) agus dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar fháil na scileanna is gá don aistriú glan (Moladh Tír-Sonrach 3 in 2023).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus ar na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á cur san áireamh i gcomhréir leis an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

N.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí do thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (P5C1R1): Ceadáinn an t-aistriú glan

Is é is cuspóir don athchóiriú amanna próiseála na nósanna imeachta um cheadú comhshaoil le haghaidh infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite san Fhionlainn a laghdú.

Glacfaidh an Fhionlainn gníomh reachtach nó gníomhartha reachtacha maidir le nósanna imeachta um cheadanna comhshaoil, lena gcumhdófar na nósanna imeachta uile a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, agus é mar aidhm leis sin nós imeachta comhcheangailte um cheadanna a bhaint amach as a dtiocfaidh cinneadh oifigiúil aonair agus nós imeachta um athbhreithniú. Déanfaidh an gníomh/na gníomhartha samhail an ionaid ilfhreastail a chur chun cinn agus forálacha a leagan síos maidir le rialacha nós imeachta iomchuí agus éifeachtacha le haghaidh ceadanna comhshaoil. Glacfaidh an Fhionlainn freisin gníomh reachtach nó gníomhartha reachtacha chun na nósanna imeachta cuíchóirithe nua chun iarratais ar cheadanna comhshaoil a phróiseáil a lárú in údarás náisiúnta aonair nua.

Soláthrófar tacaíocht faoin mbeart seo chun próisis dhigiteacha a fhorbairt agus a chur in úsáid agus chun acmhainní sealadacha a chur in úsáid chun an reachtaíocht is gá a ullmhú agus riaráiste na n-iarrataí ar mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil a phróiseáil. Táthar ag súil go gcuirfidh sé sin

dlús leis na próisis cheadaithe agus cheadúnúcháin agus go dtacóidh sé leis an gcur chun feidhme reachtach.

Tabharfar cur chun feidhme an athchóirithe chun críche faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 1 (P5C1I1): Infheistíochtaí don aistriú glan

Is é cuspóir na hinfeistíochta rannchuidiú le sprioc na Fionlainne neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2035 trí thabhairt isteach teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh a spreagadh, agus/nó trí fhorbairt táirgeadh agus stóráil hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn ar scála tráchtála.

Leis an infheistíocht, tacófar le tionscadail fuinnimh inathnuaite ar mhórsála le linn na céime taispeána agus tosaíocht á tabhairt don indéantacht theicniúil, agus/nó do thionscadail feadh an tslabhra luacha hidrigine le haghaidh táirgeadh hidrigine in-athnuaite. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leis sin:

- breoslaí in-athnuaite san iompar (breoslaí leictreacha agus bithbhreoslaí),
- táirgeadh teasa neamhdhócháin,
- tionscadail fuinnimh in-athnuaite eile amhail tionscadail mhóra inbhuanaithe³⁴ táirgthe bithgháis a úsáideann ionchuir íseal-úsáidte (seachas tarchur agus dáileadh bithgháis), tionscadail ghriannfuinnimh ar mhórsála agus tionscadail lena gcuirtear stóráil fuinnimh chun cinn,
- Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) san earnáil hidrigine,
- infheistíochtaí eile hidrigine inathnuaite intíre.

Áireofar sna critéir roghnúcháin tionscadail an rannchuidiú leis an méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite agus na hidrigine agus an rannchuidiú féideartha le forbairt fhadtéarmach agus tráchtálú na dteicneolaíochtaí ábhartha.

Beidh an tacaíocht i bhfoirm glao amháin nó níos mó faoi fhreagracht na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta agus/nó Gnó na Fionlainne.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), eisiafar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá ar áireamh i dtéarmaí tagartha do ghlaonna atá le teacht ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach³⁵; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³⁶; (III) gníomhaíochtaí a

³⁴ Ní thacófar le táirgeadh bithgháis ach amháin i gcás ina n-áirítear sa bheart freisin an t-uasghrádú go bithmheatán, ach amháin i gcás gléasraí ar mhionscála (níos lú ná 500 kWe) a úsáideann bithghás chun an eangach a chobhsú.

³⁵ Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise ina leith sealadach agus dosheachanta go teicniúil le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibriocht atá saor ó bhreosla iontaise.

³⁶ I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola³⁷ agus gléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla³⁸; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach bhféadfar ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiríteofar le critéir incháilitheachta go rannchuidíonn gach tionscadal leis na cuspóirí maidir leis an athrú aeráide atá nasctha le ceann amháin ar a laghad de na réimsí idirghabhála 028, 029, 030bis³⁹, 032 agus 034bis⁴⁰ a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta⁴¹.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 2 (P5C1I2): Taighde agus forbairt don aistriú glas

Is é cuspóir na hinfheistíochta tacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dhíríonn ar réitigh fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn san Fhionlainn. Chuige sin, tacófar le trí thionscadal straitéiseacha taighde agus forbartha.

Díreoidh an chéad tionscadal ar thrí réimse taighde a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu astaíochtaí carbóin a laghdú: 1) stóráil leictreachais agus dlús a chur le fuinneamh glan, 2) éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú na tionsclaíochta, agus 3) geilleagar hidrigine in-athnuaite. Áireofar sa tionscadal tacaíocht do thaighdeoirí agus é mar aidhm aici an saineolas sna réimsí sin a mhéadú.

37 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luaitheach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

38 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíoch meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

39 Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh leictreachais nó teasa ó bhithmhais i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt laghdú 80 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach ag an tsaoráid ó úsáid bithmhaise i ndáil leis an modheolaíocht maidir le gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise coibhneasta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Má bhaineann cuspóir an bhirt le táirgeadh bithbhreosla ó bhithmhais (gan barra bia agus beatha a áireamh), i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001; agus más é cuspóir an bhirt laghdú 65 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT a bhaint amach ag an tsaoráid ó úsáid bithmhaise chun na críche sin i ndáil leis an modheolaíocht maidir le gás ceaptha teasa a laghdú agus leis an táirge comparáide breoslaí iontaise coibhneasta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

40 I gcás comhghiniúint ardéifeachtach, más é cuspóir an bhirt astaíochtaí saolré a bhaint amach atá níos ísle ná 100gCO₂e/kWh nó teas/fuarú a tháirgtear ó dhramhtheas. I gcás téamh/fuarú ceantair, má leanann an bonneagar gaolmhar Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1) nó má dhéantar athchóiriú ar an mbonneagar atá ann cheana chun an sainmhíniú ar théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil a chomhlíonadh, nó más ardhóras píolótach é an tionscadal (córais rialaithe agus bainistithe fuinnimh, Idirlíon na Rudaí Nithiúla) nó má bhíonn córas teochta níos ísle sa chóras téimh agus fuaraithe ceantair mar thoradh air.

41 IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17–75.

Is é is aidhm don dara tionscadal tacú leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus le húsáid éifeachtúil acmhainní nádúrtha chun spleáchas fuinnimh na Fionlainne ar an Rúis a laghdú, chun saineolas gnó nua a ghiniúint agus chun cuidiú le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach. Leis an tionscadal, ginfear treochlár i dtreo na bliana 2035 ina mbeidh moltaí beartais maidir le córas fuinnimh ghlain.

Díreoidh an tríú tionscadal ar raon feidhme agus ar thionchar infheistíochtaí breise san fhuinneamh in-athnuaite, go háirithe fuinneamh gréine agus gaoithe, chun costais agus tairbhí a imscrúdú, chun measúnú a dhéanamh ar an tacaíocht i measc úinéirí talún agus an phobail, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar ordlathas an mhaolaithe chun táirgeadh fuinnimh a chothromú le spriocanna comhshaoil agus bithéagsúlachta. Déanfaidh an tionscadal cuspóirí REPowerEU a chomhtháthú, lena n-áirítear i) cumhacht na gaoithe agus na gréine, ii) barrfheabhsú sonraíbhunaithe ar úsáid foinsí fuinnimh agus iii) éifeachtúlacht acmhainní i gclár Scoil Dochtúireachta LUKE chun forbairt inniúlachta a chothú agus ginfidh sé treochlár maidir le córais fuinnimh in-athnuaite atá ag teacht chun cinn mar chuid de chóras fuinnimh na Fionlainne, lena n-áirítear meastóireacht ar éifeachtaí fhás an fhuinnimh gréine agus gaoithe ar limistéir talún, chósta agus amach ón gcósta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfeistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

Infheistíocht 3 (P5C1I3): Cumhacht gaoithe amach ón gcósta in Åland

Is é cuspóir na hinfeistíochta táirgeadh fuinnimh gaoithe a chur chun cinn i réigiún féinrialaitheach Åland. Tacóidh an infheistíocht le céim ullmhúcháin tionscadail cumhachta gaoithe amach ón gcósta.

Chun a áirithiú go gcomhlíonann an beart an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01), ní áireofar an liosta gníomhaíochtaí seo a leanas sna critéir incháilitheachta atá sna téarmaí tagartha do ghlaonna a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo ar thionscadail: (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach⁴²; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (ETS) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha⁴³; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le láithreáin líonta talún, loisceoirí dramhaíola⁴⁴ agus gléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla⁴⁵; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ceanglófar leis na téarmaí tagartha freisin nach

42 Seachas (a) tionscadail faoin mbeart seo maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, a úsáideann gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) agus (b) gníomhaíochtaí agus sócmhainní faoi phointe (ii) a bhfuil úsáid breoslaí iontaise ina leith sealadach agus dosheachanta go teicniúil le haghaidh aistriú tráthúil i dtreo oibríocht atá saor ó bhreosla iontaise.

43 I gcás ina mbaintear amach leis an ngníomhaíocht a dtacaítear léi astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach bhfuil sé sin indéanta. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

44 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola a ghléasra nó síneadh le saolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

45 Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin i ngléasraí cóireála bitheolaíocha meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chun bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola a mhúirín, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainn próiseála dramhaíola na monarchan nó síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar na gníomhaíochtaí sin faoin mbeart sin; a gcuirtear fianaise ar fáil ina leith ar leibhéal an ghléasra.

féidir ach gníomhaíochtaí a chomhlíonann reachtaíocht chomhshaoil ábhartha an Aontais agus reachtaíocht chomhshaoil náisiúnta ábhartha a roghnú.

Áiríteofar le critéir incháilitheachta go rannchuidíonn gach tionscadal le cuspóirí an athraithe aeráide a bhaint amach leis na réimsí idirghabhála 028 a bhfuil comhéifeacht aeráide 100 % acu i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Críochnófar cur chun feidhme na hinfheistíochta faoin 30 Meitheamh 2026.

N.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus tráthchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Sprioc	Q	Bliain	
141	P5C1R1: Ceadáinn an t-aistriú glas	Sprioc	Riaráiste na measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol a laghdú		Uimhir	0	228	C4	2025	Beidh ar a laghad 228 measúnú tionchair ar an gcomhshaol dúnta idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2025.
142	P5C1R1: Ceadáinn an t-aistriú glas	Garsprioc	Seirbhísí digiteacha chun ceadú comhshaoil a fhorbairt	Ceannach seirbhísí chun ceadú comhshaoil agus ‘ceadúnú agus maoirseacht’ dhigiteach a fhorbairt				R2	2025	Déanfar ceannach seirbhísí digitithe a chur i gcrích i ndáil leis an méid seo a leanas: i) struchtúr faisnéise maidir le ceadú comhshaoil agus maoirseacht in idirbhearta oifigiúla a bhaineann le táirgeadh fuinnimh ghlain, agus ii) ‘ceadúnú agus maoirseacht’ dhigiteach, lena n-áirítear athruithe ar fheidhmiúlacht an chórais faireacháin agus forbairt seirbhísí digiteacha.
143	P5C1R1: Ceadáinn an t-aistriú glas	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil nó na ngníomhartha dlíthiúla lena mbunaítear an nós imeachta nua um chead comhshaoil	Foráil sa ghníomh/sna ngníomhartha dlí lena léirítear teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil nó na ngníomhartha dlí				C4	2025	Tiocfaidh an gníomh/na ngníomhartha dlíthiúla is gá chun an nós imeachta nua um cheadanna comhshaoil a bhunú agus chun an fhreagracht as ceadú comhshaoil a aistriú ó údarás réigiúnacha chuig údarás náisiúnta aonair i bhfeidhm.
144	P5C1R1: Ceadáinn an t-aistriú glas	Garsprioc	Oibríochtú an údarás náisiúnta aonair le haghaidh ceadú comhshaoil agus na seirbhísí digiteacha gaolmhara	Tá an t-údarás náisiúnta aonair oibríochtúil agus tá na seirbhísí digiteacha ábhartha oibríochtúil				R2	2026	Beidh an t-údarás náisiúnta aonair oibríochtúil. Beidh na seirbhísí digiteacha dá dtagraítear faoi gharsprioc 142 oibríochtúil.
145	P5C1I1: Infheistíochtaí don aistriú glan	Garsprioc	Glaó ar iarratais le haghaidh tionscadail aistrithe ghlain a sheoladh	Foilsíú an ghlaó ar iarratais				R2	2024	Glaó ar iarratais a sheoladh le haghaidh tionscadail a bhaineann le teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh agus/nó chun forbairt tháirgeadh agus stóráil hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn ar scála tráchtála. Áireofar sna téarmaí tagartha critéir incháilitheachta lena n-áirítear go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01) trí úsáid a bhaint as liosta eisiamh agus an ceanglas maidir le comhlíonadh na

Uimhir	Beart	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le haghaidh cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Sprioc	Q	Bliain	
										reachtaíochta ábhartha comhshaoil AE agus náisiúnta.
146	P5C1I1: Infheistíochtaí aistriú glan	Garsprioc	Dámhachtain na ndeontas uile do thionscadail um aistriú glan	Fógra a thabhairt maidir le gach deontas a dhámhachtain				R2	2025	Roghnófar na tionscadail uile a bhaineann le teicneolaíochtaí glana nua le haghaidh táirgeadh agus úsáid fuinnimh agus/nó chun forbairt tháirgeadh agus stóráil hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn ar scála tráchtála i gcomhréir le critéir an ghlaio ar iarratais a seoladh faoi gharsprioc 145. Dámhfar gach cinneadh maidir le dhámhachtain cistiúcháin ar na hiarratasóirí tionscadail a roghnófar faoin nglao ar iarratais.
147	P5C1I1: Infheistíochtaí don aistriú glan	Garsprioc	An tionscadal/na tionscadail um aistriú glan a dtugtar tacaíocht dóibh a thabhairt i gcrích	An tionscadal/na tionscadail a dtugtar tacaíocht dóibh a thabhairt i gcrích				R2	2026	Tionscadail a roghnaíodh faoin nglao ar iarratais dá dtagraítear i ngarsprioc 146 a chur i gcrích. Déanfar EUR 49050000 ar a laghad a dhámhachtain go carnach do na tionscadail sin.
148	P5C1I2: Taighde agus forbairt don aistriú glan	Garsprioc	An tsaoráid bonneagair taighde um fhuinneamh glan a thabhairt i gcrích	Tá an tsaoráid infreastruchtúir taighde ar fhuinneamh glan curtha i gcrích				R2	2026	Tá an tsaoráid nua le haghaidh taighde turgnamhach i réimsí na hidrigine in-athnuaite agus an iompair astaíochtaí nialasacha curtha i gcrích agus réidh le húsáid.
